

# Comhairle Contae Átha Cliath Theas Tuarascáil Bhliantúil 2015



# 2015

## Ár Misean

**Feachaint lenár gcontae  
a bheith ar an áit is fearr  
le cónaí ann, le bheith  
ag obair agus i mbun  
gnó ann**

# Clár na n-Ábhar

Réamhrá an Mhéara	02
Tosach ón bPríomhfheidhmeannach	04
Cruinnithe Comhairle 2015 agus Coistí Beartas Straitéiseach (CBS)	06
<b>Forbairt Eacnamaíoch Fiontair agus Turasóireachta</b>	<b>08</b>
<b>Pleanáil Úsáid Talún agus Iompraíocht</b>	<b>12</b>
<b>Forbairt Tithíochta Sóisialta agus Pobail</b>	<b>16</b>
<b>Comhshaol Uisce agus Athrú Aeráide</b>	<b>22</b>
<b>Cumasaíocht Eagraíochtúil agus Cuntasaíocht</b>	<b>28</b>
AGUISÍN	
<b>Aguisín 1. Cairteanna agus Graif Airgeadais</b>	<b>40</b>
<b>Aguisín 2. Ballraíocht Comhairle Coistí agus Comhlachtaí Eile</b>	<b>42</b>
<b>Aguisín 3. Comhdháileacha Oiliúna á bhfreastail ag Comhairleoirí i 2015</b>	<b>46</b>
<b>Aguisín 4. Tuarascálacha Éifeachtúlachta Fuinnimh 2015</b>	<b>48</b>
<b>Aguisín 5. Nochtuithe Cosanta</b>	<b>48</b>

# Réamhrá ón Méara



Táim an-bhródúil glacadh le ról an Mhéara ar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas. Mar dhuine den lucht oibre ó larthar Bhéal Feirste is onóir dom ionadú a dhéanamh do mo bhaile uchtaithe Ráth Fearnáin mar bhall tofa den chomhairle seo.

Tá sé ag teastáil uaim go mbeadh pobal Chontae Bhaile Átha Cliath Theas comhionann sa sórt Éireann ina mbeadh gach duine comhionann. Le linn mo théarma mar Mhéara d'oibrigh mé chun comhionannas, cuimsiú agus aontacht a chur chun cinn. Dhírigh mé go háirithe ar ról agus riachtanais na mban i mBaile Átha Cliath Theas. Tá feicthe agam go díreach an cion tairbhe dearfach a dhéanann mná dá bpobail áitiúla. Trasna an oileáin seo is mná iad timpeall 52% den daonra ach fós níl ach 18% ina n-ionadaithe poiblí. Má táimid dáiríre tabhairt faoin bhfo-ionadaíocht seo ban i gcúrsaí polaitíochta ní mór dúinn a bheith oscailte do thuairimí nua agus do bhealaí nua oibre. Leanfaidh mé ag cur dlúthpháirtíochta chun cinn i measc ionadaithe polaitiúla baininn agus oibriú chun tacú le glúin nua ban agus iad a spreagadh teacht ar aghaidh agus dul isteach i rialtas áitiúil.

Tá saincheisteanna an fhoréigean baile aibhsithe agam freisin laistigh dár bpobail féin. Bíonn ar na mná seo imeacht ón teach gan aon rud acu ach a gcuid leanaí agus na héadaí ar a ndroma agus ní mór dúinn áit shábháilte a chur ar fáil dóibh. Leanfaidh mé ag cur daoine ar an eolas faoin tsaincheist seo le linn mo théarma in oifig agus le deimhin a dhéanamh de go bhfuil ar cumas na ndaoine ar na línte tosaigh comhairle tacaíocht agus áit shábháilte le fanacht a thabhairt do na mná seo a thagann chugainn i ngátar.

Tá mo ghuth mar Mhéara úsáidte agam chun feachtas a dhéanamh dóibh siúd atá i ngrúpaí ar an imeall óna bhfuil tacaíocht ag teastáil seasamh suas agus a bheith comhairthe – mná ón Lucht Siúil, iad ar sholáthar díreach, tuismitheoirí aonair nó iad siúd ag plé leis na héilimh bhreise a théann le leanaí a bhfuil cumais dhifriúla acu.

Creidim go bhfuil spórt lárnach do phobail a thógáil agus do chuimsiú. Tá an t-ádh linn go bhfuil saibhreas clubanna difriúla agus foirne sa chontae seo le háiseanna den scoth ó cheann ceann an chontae. Is féidir le spórt éifeacht an-dhearfach a bheith ar shaol ár ndaoine óga agus is féidir linn gaisce a dhéanam faoi roinnt seaimpíní i ngach rud ó dhornálaíocht go peil, rugbaí agus níos mó. Is féidir difríocht mhór a dhéanamh do dhuine óg nuair a bhíonn siad mar chuid d'fhoireann a bheadh ar imeall na sochaí seachas sin.

D'fhreastail mé ar an-chuid imeachtaí spóirt agus ar Sheachtain Sláinte agus Leasa sa chontae agus d'oibrigh mé leis an bhfoireann spóirt anseo sa chomhairle ag tacú leis an obair iontach a dhéanann siad chun ár gcontae a dhéanamh mar ionad den scoth do spóirt phríomhshrutha agus mhionlacha.

Tá ról ag ár gComhairle thar ár dteorainneacha. Táimid lárnach d'fhorbairt mhórchéantar Bhaile Átha Cliath ach freisin tá ról le himirt againn freisin go náisiúnta bacainní a bhriseadh síos agus caidrimh nua a thógáil. Tá a fhios againn go léir gurb é Contae Bhaile Átha Cliath Theas ceann de na háiteanna is deise cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh agus leanfaidh mé ar aghaidh le mo ról mar ambasadóir a úsáid chun leasa ár gcontae a chur chun cinn chomh fada i gcéin agus is féidir.

Bhí mé an-bhródúil Méara Tampa a ostáil agus toscaireacht ó Chomhlachas Tráchtála Tampa chun 'Comhaontas Deirfiúrchathracha' ar son saoránach Chontae Bhaile Átha Cliath Theas i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas a shíniú. Leanfaidh comhoibriú ar son comhleasa an dá phobal araon de bharr na gcomhaontas seo trí dheiseanna oideachais, eacnamaíochta agus cultúrtha a i réimsí ealaíon agus cultúr, sláinte, eolaíochta, oideachais, turasóireachta agus go háirithe forbairt ghnó agus eacnamaíochta a fhiosrú.

Roghnaigh mé cónaí anseo i gContae Bhaile Átha Cliath Theas cosúil lena lán sa phobal chun an cháilíocht saoil is fearr is féidir a thabhairt do mo chlann. Tá a lán tugtha dom ag an bpobal seo. Tá súil agam le linn mo théarma oifige go bhféadfaidh mé an fiacha sin a aisíoc agus baint a bheith agam pobal a thógáil ina mbeimid go léir mar chuid de.

Is mór an phribhléid dom a bheith i mo Mhéara do Chomóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca agus táim ag súil le muintir Bhaile Átha Cliath Theas a ionadú agus muid ag cuimhniú ar na daoine go léir a throid agus a fuair bás i 1916. Is mian liom go háirithe an ról tábhachtach a ghlac mná in Éirí Amach na Cásca a aibhsiú.

Sa deireadh thiar ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Daniel Mc Loughlin agus an Fhoireann Bainistíochta go léir, foireann na Comhairle agus Baill Tofa as a gcomhairle agus tacaíocht le linn mo théarma oifige.

#### **Comhairleoir Sorcha Ní Ollain**

*An Méara, Contae Atha Cliath Theas*

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



D'ainneoin na ndúshlán leanúnacha, tá dul chun cinn dearfach déanta trasna réimsí go léir gníomhaíochtaí i gContae Bhaile Átha Cliath Theas le linn 2015.

Sna réimsí Fiontar Eacnamaíoch agus Forbairt Turasóireachta leanamar ar aghaidh agus bhreisíomar ár dtacaíocht do ghnónna reatha agus nua. Táthar ag díriú go héifeachtach ar an gCiste Tacaíochta Gnó €1.2m a léiríonn 1% de rátaí tráchtála chun tacú leis an rannóg FBM. Tá an Oifig Fiontair Áitiúil á dearbhshuí mar an chéad ionad ilfhreastail do ghnónna go léir. Críochnaíodh Straitéis Mhargaíochta do Pháirc Ghnó Chaisleán Gráinseach a chuir fáilte roimh ghnó Infheistíocht Dhíreach Choigríche (DFI) le linn 2015. Cuireadh chun cinn go suntasach promhadh straitéiseach todhchaí na Páirce agus a timpeallacht le linn na bliana le críoach a chur le dearú do nuashonrú bóithre Mhaigh Arnaí agus Nangar, an dul chun cinn ar phleanáil do nuashonrú fuinnimh shuntasach agus talamh breise faighte.

Bloc tógála tábhachtach inár Straitéis Fás Eacnamaíoch is ea foilsiú ár Straitéis Turasóireachta i 2015. Tá deiseanna chun ár dtairiscint turasóireachta a bhreisiú curtha ar aghaidh anois. Tá an Lárionad Cuairteoirí Clogtheach Chluain Dolcáin amuigh le haghaidh tairiscintí agus críochnófar Tionscadal Suaitheanta Sléibhe Bhaile Átha Cliath a chéim fhéidearthachta go luath i 2016. Tá pleananna do leabharlann nua i gCluain Dolcáin críochnaithe agus cuirfear ar aghaidh chun tairiscinte iad i 2016.

Tá tús athbhreithnithe Phlean Forbartha ár gContae i gcomhthráth buíochas le Dia leis an gcor chun feabhais atá ag teastáil go géar sa gníomhaíocht phleanála. Tá cuimsithe sa 22% méadú in iarratais phleanála 2,200 aonad cónaithe atá ag teastáil go géar uainn chun dul chun cinn go tosach a fheiceáil. Léirítear leis an seachtó is a trí tionscadail feabhsaithe ar bhóithre agus 30,000m cearnaithe do dheisiú cosán go raibh réimsí mórgníomhaíochta faoi cheanteideal an chórais iompair in éineacht le béim leanúnach ar dhul chun cinn an tionscadail rothaíochta agus soghluaiseachta mar iad sin ag Baile Phámar agus Gleann na Dothra. Tá dul chun cinn déanta ar an gClár Breisithe Sráidbhaile trí chéimeanna go léir pleanála leis an scéim Bhaile Phámar críochnaithe agus Ráth Cúil ar suíomh. Le 400 soilse poiblí a uasghrádú go hísealfuinneamh dé-óide astaithe solais (LED) tá tús curtha lenár straitéis cúig bliana Clár Éifeachtúlacht Fuinnimh sa réimse seo.

Is é tithíocht, poiblí agus príobháideach araon an dúshlán aonair is mó d'fholláine agus ionchais eacnamaíocha dár saoránaigh. Tá tógáil tithé nua mall ag freagairt ar éileamh agus mar gheall air sin tá éilimh neamh-inbhuanaithe curtha ar ar an rannóg cíosa príobháidaigh le cíosa comhthoraidh ag cúisiú easpa dídine eacnamaíoch. Tugann gníomhaíocht phleanála mhéadaithe agus an t-uailmhian sa Straitéis do Thithíocht Shóisialta dóchas ach ní mór dul chun cinn suntasach a dhéanamh i 2016.

Leanann ár gcuid oibre um chuimsiú sóisialta agus idirghníomhaireacht díbhinní pobail dhearfacha a sholáthar fad is go gcreidim go bhfuil ár mbéim ar shláinte agus leas eiseamlarach agus beidh tionchar méadaithe aige sin ar ár gcur chuige ar chláir agus tionscadail isteach sa todhchaí. Bhí ár ngnóthú pobail agus ar gcuspóir forbartha breisithe go suntasach le linn na bliana leis an Líonra Rannpháirtíocht Phoiblí (PPN) a chruthú agus lainseáil ár nDeontais Pobail agus ár ngradaim Díchill.

Beidh tionchar ag cáilíocht chomhshaoil agus réimse poiblí ar bhraistint amhairc agus braistint poiblí níos leithne. Is sa chomhthéacs seo a chuireamar críoch lenár bPolasaithe Bainistíocht Bhruscair agus Crann le linn na bliana. Cuirfidh acmhainní breise tacaíocht faoina gcur i bhfeidhm in éineacht le tionscnaimh mar an Urraíocht Timpealláin agus feabhsú an N81 go mór le cuma aeistéitiúil an Chontae chomh maith leis an obair leanúnach i réimsí mar ghlanadh sráideanna, gearradh féir, dumpáil neamhdhleathach agus tabhairt faoi dhearóiliú. Tá cáilíocht saoil lárnach dár n-infheistíocht leanúnach i 1750 acraí fearann páirce lena n-áirítear 163 páirceanna imeartha. Tá ár gClár Spás Imeartha áitiúil ag dul ar aghaidh go maith le 14 críochnuithe fad is a rachaidh an Clár Pailliúin chomhaontaithe ar aghaidh go pianáil go luath i 2016. Teastaíodh 3,444 cigireachtaí ónár ról rialacháin agus forfheidhmithe fad is gurb é an táscaire feidhmiúcháin a sheas amach ná an figiúr do chomhlíonadh le cáilíocht uisce ag 99.7%.

Ní mór an méid thuas a baineadh amach a fheiceáil i gcomhthéacs srianta suntasacha acmhainní. Ag leanúint ar sheacht mbliana athdhaingnithe baineadh amach an lánchosc ar fhostaíocht de réir a chéile le linn 2015. Bhí pianáil chúramach agus tosaíocht san ionad oibre ag teastáil chun é sin a dhéanamh fad is a chuirimid fostóirí ar ais ann. Tá súil agam go mbeidh na cúinsí sin éascaithe faoi lár 2016. Tá feidhmíocht airgeadais láidir agus muid ag leanúint lenár bhfócas ar sholáthar agus feabhsú próisis chun éifeachtúlacht a mhéadú. Is bunchumasóir athraithe é TCF agus táthar ag díriú air mar acmhainne dá bharr sin. Díreoidh ár bPlean Cumarsáide Seachtrach foilsithe le déanaí feabhsuithe chun seirbhíse dár saoránaigh.

Is mian liom tréaslú leis an Méara, Baill Chomhairle agus Foireann as ucht a gcion tairbhe d'fhorthoithaí agus iad a sheachadadh don tuarascáil seo. Le linn 2016 imeoimid ó phleanáil go cur i bhfeidhm i líon príomhréimsí go háirithe tithíocht an dúshláin is mó atá againn fós. Leanann an dearcadh eacnamaíoch ginearálta ag feabhsú agus fad is go gcaithfidh na gnóthachtaí a bhainistiú go cúramach ag an leibhéal áitiúil tá an dearcadh dearfach sa gharthéarma.

**Daniel McLoughlin**

*Príomhfeidhmeannach*

# Cruinnithe Comhairle 2015

## **Bíonn 21 lánchruinnithe den Chomhairle déanta suas de 12 Lánchruinniú Comhairle lena n-áirítear Cruinniú Buiséadach amháin:**

6 Cruinniú Coiste Airgeadais agus Nós Imeachta Eagraithe lena n-áirítear Cruinniú Buiséadach amháin, 1 Cruinniú Cinn Bhliana, 2 Chruinniú Plean Forbartha Contae

Bhí 12 chruinniú ag an nGrúpa Beartais Chorparáidigh lena n-áirítear Cruinniú Buiséid amháin

Bhailigh gach ceann de na ceithre choiste ceantair do Chluain Dolcáin, Leamhcán, Ráth Fearnáin/Teach Mealóg – Tír an Iúir agus Tamhlacht le chéile 10 n-uaire i 2015.

Chomh maith leis sin bhí dhá Chruinniú Baill Oireachtais.

## **COISTÍ BEARTAS STRAITÉISEACH (CBS)**

### **CBS d'Ealaíon, Cultúr, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna**

**Comhairleoir Dermot Richardson** *Cathaoirleach*

Bhuail CBS d'Ealaíon, Cultúr, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna le chéile 4 huairé i 2015 agus áiríodh ina gclár oibre:

- Scéim Deontais Ealaíne
- Pleanáil do Chomóradh 2016
- Straitéis Turasóireachta
- Clár Ealaíon Poiblí

### **CBS d'Fhorbairt Eacnamaíoch Fiontair agus Turasóireachta**

**Comhairleoir John Lahart** *Cathaoirleach*

Bhuail na CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht le chéile 7 n-uaire i 2015 agus áiríodh ina gcuid oibre:

- Plean Pobail agus Eacnamaíochta Áitiúil
- Straitéis Turasóireachta agus Plean Forfheidhmithe
- Bearta Deontais um Thacaíocht le Gnó
- Idirchaidreamh le Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas

### **CBS ar an gComhshaol, Réimse an Phobail agus Athrú Aeráide**

**Comhairleoir Pamela Kearns** *Cathaoirleach*

Bhuail CBS ar an gComhshaol, ar Réimse an Phobail agus ar Athrú Aeráide le chéile ceithre huairé i 2015 agus áiríodh sa chlár oibre:

- Breithniú ar Phlean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach an Lár-Réigiún Thoir 2015-202
- Athbhreithniú ar Straitéis chun saoráidí Athchúrsála Poal Áitiúil Bunaithe a chur ar fáil i gContae Bhaile Átha Cliath Theas
- Athbhreithniú ar Phlean Bainistithe Bruscair agus Plean Bainistithe Bruscair athsholáthair a dhéanamh do 2015-2019
- Glacadh le “Ag Maireachtáil le Crainn” — Polasaí Bainistithe Crann
- Breithniú ar Straitéis Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide agus Treoirínte Oiriúnaithe
- Breithniú ar Chomhairliúchán Poiblí ar Shaincheisteanna Bainistiú Uisce Suntasacha
- Breithniú ar Scéimeanna Maolaithe Tuilte na CFRMAS
- Réamhstaidéar ar an Scéim an Bhrat Ghlais — Club Spóirt/ Ionaid Phobail
- Tús a chur le athbhreithniú ar Fhodhlíthe Trádála Ócáideach



## **CBS ar Thithíocht**

**Comhairleoir Cathal King** *Cathaoirleach*

Le linn 2015 bhuail CBS Ar Thithíocht le chéile 4 huaire agus rinneadh roinnt tuarascálacha agus saincheisteanna a phlé agus a bhreithniú:

- Straitéis Tithíochta
- Soláthar agus Spriocanna Tithíochta
- Acht Tithíochta 2014
- Straitéis Mhíchumais Cóiríocht Tithíochta
- Treoir um Leithdháileadh do Dhaoine gan Dídean
- Deontais Tithíochta agus Staitisticí
- Cóiríocht don Lucht Siúil

## **CBS Sóisialta agus Pobail**

**Comhairleoir Dermot Looney** *Cathaoirleach*

Bhuail CBS ar Spórt, Áineas agus Ghnóthaí Pobail (Pairceanna san Áireamh) le chéile ceithre huaire i 2015 agus áiríodh sa chlár oibre:

- Clár Gnóthaithe agus Rannpháirtíochta don Ógra a fhorbairt — SPORTIVATE
- Athbhreithniú ar an Scéim Deontais Phobail
- An Ciste Tionscnaimh Phobail a fhorbairt
- Clár Gradam Díchill a fhorbairt
- Sláinte agus Folláine a chur chun cinn agus leanúint leis an Seachtain Dírithe ar Shláinte agus Folláine

## **CBS ar Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompar**

**Comhairleoir William Lavelle** *Cathaoirleach*

Bhuail CBS ar Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompar le chéile ceithre huaire i 2015 agus rinneadh na cúrsaí seo a leanas a bhreithniú agus a phlé:

- Athbhreithniú ar Íoc as Páirceáil
- Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2016–2022
- Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA)
- Foghrúpa Rothaíochta a chur ar bun
- Dréacht-Scéim do Ranníocaíocht Forbartha

Tá mionsonraí ballraíocht iomlán na CBS ar fáil in Aguisín 2

# Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Turasóireachta



**LEABHARLANNA 2015**

An líon iomlán cuairteanna ar na leabharlanna	1,027,750
Costas fheidhmiú na Seirbhíse Leabharlainne in aghaidh an 1000 duine	€39,516.88

**ROCHTAIN AR AN IDIRLÍON**

An líon iomlán seisiún idirlín a soláthraíodh	202,441
---	---------

**FORBAIRT EACNAMAÍOCH 2015**

Líon postanna le cabhair ón Oifigeach Fiontair Áitiúil cruthaithe i 2015	100
--	-----



## Economic Enterprise and Tourism Development

### Cuspóir 1:

#### **Timpeallacht ghnó tacaíochta le cruthú poist agus iad a choinneáil a chothú**



Go luath i 2015 bhí an chéad chruinniú den CBS ar Eacnamaíocht Fiontar agus Turasóireacht agus tosaíodh ar an bpróiseas Plean Pobail agus Eacnamaíocht Áitiúil agus an plean glactha ag cruinniú na Comhairle i Nollaig 2015.

Ag leanúint ar chainteanna ag an CBS athlainseáladh an Deontas Tacaíochta Gnó agus na deontais d'aghaidh siopa agus tá siad faomhaithe do rolladh amach leantach i 2016. (€514,175 íochta i nDeontais Tacaíochta Gnó i 2015).

D'fhaomhaigh an Coiste Faomhaithe agus Measúnaithe den Oifig Fiontair Áitiúil maoiniú do 57.5 postanna i 34 tionscnaimh. Seachadadh oiliúint ón Oifig Fiontair Áitiúil do 500 rannpháirtithe agus fuair sa bhreis is 400 cliant tacaíocht meantóireachta.

Rinne an Oifig Fiontair Áitiúil suirbhé breise ar ghnó sa chontae ag díriú ar oiliúint agus gníomhaíocht ghnó in éineacht leis an gComhlachas agus lainseáladh é i Meán Fómhair. Tá oiliúint bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé á seachadadh tríd an Oifig Fiontair Áitiúil.

Lainseáladh líne chabhrach tacaíochta gnó i Meán Fómhair.

### Cuspóir 2:

#### **Oibriú le gníomharachtaí tacaíochta fiontair chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú i gContae Bhaile Átha Cliath Theas**

Go déanach i 2015 lainseáil an Méara Bróisiúr Margaíochta nua, físeán promóisin agus suíomh gréasáin do Pháirc Ghnó Caisleán na Gráinsí.

Grifols an cliant ba dhéanaí sa Pháirc a d'oscail a bplanda go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair.

D'fhaomhaigh na baill suíomh díuscartha do Interxion agus tá na hoibreacha cumais riachtanacha ar siúl.

Leanann na cliant eile sa Pháirc lena n-oibriúcháin a leathnú.

Tugadh turas ar Pháirc Ghnó Caisleán na Gráinsí do Thoscaireacht Tampa a bhí ar cuairt.

Chomhoibrigh le Eirgrid ar phróiseas pleanála don suíomh nua 220KV ag Caisleán na Gráinsí — iarratas SID curtha isteach i Nollaig 2015.

**Cuspóir 3:**

**Acmhainní Chomhairle  
Contae Bhaile Átha  
Cliath Theas a bhainistiú  
i mbealach a thacaíonn le  
forbairt amach anseo**

Measúnú á dhéanamh ar riachtanais amach anseo bunachar talún tionsclaíoch a fháil faoi athhreithniú i gcónaí agus maoin faighte.

Tionscadal Cloigtheach Chluain Dolcáin forbartha agus Cuid 8 faomhaithe.

**Cuspóir 4:**

**Rannhuidiú d'ealaíon,  
leabharlanna, oidhreacht  
agus teanga na Gaeilge  
do cháilíocht saoil agus ár  
dtaithí turasóireachta  
a uasmhéadú**



Pleananna do leabharlann Rualáí agus maoiniú di ag an ardchéim.

Leabharlann soghluaiste ceannaithe.

Ag leanúint ar phléanna ag CBS na nEalaíon, Oidhreacht, Leabharlanna agus na Gaeilge, tá an fhéile leabhair Leabharlanna Redline sainaithe mar fhéile le suntas poitéinsíúil réigiúnach/náisiúnta agus beidh sí forbartha a thuilleadh i 2016.

Tá na rannóga staidéir áitiúla /staire de na Leabharlanna ag sainaitheint agus ag catalógú ábhar tacaíochta do na tionscadaí Chloigtheach agus Sléibhte Bhaile Átha Cliath.

**Cuspóir 5:**

**Cuir i bhfeidhm straitéis  
turasóireachta ar fhorbairt  
táirge agus branda nua**

Ag leanúint ar ionchur ón nGrúpa Stiúrtha Turasóireachta agus CBS ar Eacnamaíocht Fiontar agus Turasóireacht d'fhaomhaigh an Chomhairle straitéis turasóireachta don Chontae agus lainseáladh í in Aibreán 2015.

Tá príomhthionscadal na Sléibhte sainaitheint sa Straitéis á fhorbairt i gcomhar le Coillte. Beidh plean féidearthachta agus máistirphlean ullmhaithe ag foireann chomhairleach ar fáil i gCeathrún 1 de 2016.

Comhchruinniú na nEalaíon Tá comhaontaithe ag Oidhreacht, Leabharlanna agus na Gaeilge agus CBS ar Eacnamaíocht, Fiontar agus Turasóireacht clár treochoimharthaíochta sráidbhaile agus rochtain ar imeachtaí/féilte i 2016 a chur i bhfeidhm.

Tá conairí siúil reatha agus poitéinsíúla sainaitheint agus obair tosaithe ar chonaire siúil Tamhlachta.

Tá próiseas soláthair faoi lán seoil chun straitéis mhargaíochta turasóireachta a chinntiú don Chontae.

# Pleanáil Úsáid Talún agus Iompar



**PLEANÁIL 2015**

An líon cinní pleanála de chuid an údaráis áitiúil a bhí faoi réir achomhairc chuig an mBord Pleanála	60
An líon cinní a dheimhnigh an cinneadh a bhí déanta ag an údarás áitiúil	42

**FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA**

An líon iomlán cásanna a dúnadh in 2015	96
An líon iomlán cásanna a caitheadh amach	96
An líon cásanna réitithe trí idirbheartaíocht	0
An líon cásanna a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmithe	55

**FOIRGNIMH NUA AR A NDEARNADH CIGIREACHT**

An líon iomlán foirgneamh nua faoinar cuireadh fógra chuig an údarás áitiúil	413
An líon iomlán foirgneamh nua faoinar cuireadh fógra chuig an údarás áitiúil agus ar a ndearnadh cigireacht	130



## Pleanáil Úsáid Talún agus Iompar

### Cuspóir 1:

#### **Clár Oibreacha Bóthair Bhliantúil ar chothabháil agus feabhsuithe a chur i bhfeidhm**

Críochnaíodh 73 scéimeanna ar an iomlán, le costas 3.73m ar Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha. Críochnaíodh scéimeanna cosán ag 50 láithreán.

Chomh maith leis sin críochnaíodh oibreacha athdhromchlú bóthair ar an N81 ó acomhal an Chuarbhóthair Amuigh go Coillte Leamhain/Kiltalawn.

Críochnaíodh deisithe droicid agus athphéinteáil ar dhroichead coisithe Bhaile Phámar.

Le linn na bliana sainaithníodh gá le deisithe a dhéanamh ar bhruach abhann agus críochnaíodh iad ar Abhainn an Dothra Bhig ag Sruthán an Dobharchú.

Athsholáthraíodh 30,000m<sup>2</sup> de chosán poiblí tríd an gclár cothabháil cosán.

Dheisigh an Rannóg Chothabhála Soilsiú Poiblí sa bhreis ar 6,700 lochtanna leictreachais agus uasghrádaíodh breis is 400 soilse go hisealfuinneamh dé-ocsaíd astaithe solais (LED) sa dara leath de 2015.

### Cuspóir 2:

#### **Coinnigh pleanáil phroifisiúnta agus próisis agus struchtúir bhainistithe forbartha**



Bhí breis ar 700 iarratais phleanála faighte sa bhliain 2015. Bhí sé mar thoradh ar na hiarratais sin gur tugadh cead pleanála do bhreis is 2,200 tithe cónaithe laistigh den Chontae. Chomh maith leis sin bhí breis is 280 cruinnithe réamhphleanála le linn na bliana.

Athbhreithníodh an Scéim Rannchuidithe Forbartha le linn 2015 agus tá Scéim nua Rannchuidithe Forbartha anois ann ón 1 Eanáir 2016.

Tá Scéim “Comhaireamh Tí” tugtha isteach sa rannóg phleanála chun feabhas a

chur ar ghabháil sonraí ar aonaid chónaithe ceadaithe agus ar fáil d’fhorbairt a thosú. Beidh na sonraí seo d’obair tascfhórsa Soláthar Tithíochta Bhaile Átha Cliath bunaithe faoin Tionscnamh Foirgníochta 2020.

Le linn 2015 foilsíodh an t-athbhreithniú ar phróiseas an Phlean Forbartha Contae agus dréacht-Phlean Forbartha Contae do 2016-2022 agus iarradh aighneachtaí ón bpobal.



**Cuspóir 3:**

**Módhanna iompair go léir a chur chun cinn lena n-áirítear siúl agus rothaíocht chun gluaiseacht daoine laistigh agus taobh amuigh den chontae a fheabhsú.**



Lean oibreacha ar aghaidh i 2015 ar an gclár Bearta Iompair Inbhuanaithe maoinithe ag an tÚdarás Iompair Náisiúnta (NTA).

Críochnaíodh oibreacha ar na lánáí Rothaíochta i Sráidbhaile Bhaile Phámar go dtí an R148 agus ar an Timpeallán Sruthán an Leamháin/Baile Eoghain i Leamhcán.

Chomh maith leis sin thosaigh obair ar chuid mhaith den Rotharbhealach ag ceangail Sráidhaile Tamhlachta le Teach Mealóg agus ar chuid de

Rotharbhealach agus den chosán ar Bhóthar na Mainistreach i gCluain Dolcáin.

Lean obair dheartha ar Thionscail Iompar Inbhuanaithe éagsúla lena n-áirítear Glasbhealach Ghleann na Dothra, Tamhlacht go Gleann na Life agus Rotharbhealaigh Tamhlachta go Baile Baodáin.

Rinne an tÚdarás Áitiúil aighneacht freisin chuig an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 á dhréachtú faoi láthair ag an tÚdarás Iompair Náisiúnta.

**Cuspóir 4:**

**Infheistigh i bPobal Inbhuanaithe agus Tionscnaimh um Cháilíocht Saoil**

Chuir an Rannóg Bhóithre dréacht isteach den Straitéis Sábháilteachta Nua ar na Bóithre don Chontae a chríochnófar i 2016.

Leanadh leis an gClár Breisithe Sráidbhaile i 2015 agus críochnaíodh oibreacha i Sráidbhaile Bhaile Phámar agus Ascaill na Tinileach.

Tosaíodh ar Oibreacha Breisithe freisin i Ráth Cúil.



# Forbairt Tithíochta Sóisialta agus Pobail



**TITHÍOCHT 2015**

An líon iomlán teaghaisí i stoc an údarás áitiúil	9,016
An t-achar, ar an meán, (i seachtainí) ón dáta a fágadh an teaghais go dtí an dáta ar a ndearnadh na deisiúcháin riachtanacha uile a measadh gur ghá iad chun an teaghais a ligean an athuair	<b>9.90 seachtaine</b>
An meánchostas ar aonaid gan tionóntaí a réiteach lena lígean an athuair in 2015 (12,148.33 ar aonad)	<b>2,283,886.63</b>
An líon teaghaisí a soláthraíodh in 2015	9030
An líon teaghaisí a thóg an Chomhairle i 2015	0
An líon aonad a soláthraíodh faoi SCaC i 2015	136
An líon aonad a soláthraíodh faoi HAPS i 2015	544
An líon aonad a soláthraíodh faoin Tionscnamh Léasúcháin Tithíochta Sóisialta i 2015	193
An líon teaghaisí tithíochta sóisialta foriomlán san údarás áitiúil an 31 Nollaig 2015	11582
An líon aonad foriomlán a soláthraíodh faoi SCaC	1535
An líon aonad foriomlán a soláthraíodh faoin Tionscnamh Léasúcháin Tithíochta Sóisialta in 2015	469
An líon aonad ar cuireadh tionóntaí iontu in 2015	188
An líon cigireachtaí BTCP a rinneadh	1731

**DEISIÚCHÁIN TITHÍOCHTA**

An líon deisiúcháin a críochnaíodh	11,363
An líon iarrataí ar dheisiúcháin a fuarthas	16,550

**SEIRBHÍSÍ POBAIL 2015**

An líon iomlán meánscoileanna áitiúla agus grúpaí óige	336
An líon meánscoileanna áitiúla agus grúpaí óige páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	200
An líon ball as an earnáil phríobháideach ar an CFPÁ an 31ú Nollaig 2015	11



## Forbairt Tithíochta Sóisialta agus Pobail



**Cuspóir 1:**  
**Cuir clár trí bliana i bhfeidhm chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil i gcomhthéacs Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020**

4 Thionscnamh Ionlíonta Tithíochta faomhaithe trí Chuid 8 a thugann 118 aonaid san iomlán - pleananna costais curtha chuig An Roinn Comhshaoil Pobal agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ)

Tá trí thionscadal arna thairiscint cheana agus ar suíomh - Suncroft Tamhlacht - 10 dteach cónaithe, Bóthar Belgard, Tamhlacht - 3 theach cónaithe, San Finín Leamhcán - dhá theach cónaithe - 15 Aonad san iomlán.

Tá trí thionscadal faomhaithe, costaithe agus ceadaithe go Cuid 8 cheana agus le dul ar aghaidh go tairiscint ag an RCPRÁ ar nós Faiche Mharcais - 11 theach chónaithe, Gort na Bealtaine - 18 dteach cónaithe, Mac Uilliam - 28 dteach cónaithe - 57 san iomlán.

Cheannaigh agus shínigh Oaklee na conarthaí ar 45 aonaid ag Baile an Chócaigh. Ainmniúcháin agus leithdháileadh críochnaithe agus tionóntaithe. Beidh 17 eile ag Rás an Mhuilinn i dTeach Sagard críochnaithe agus tionóntaithe faoi dheireadh na bliana. Beidh 7 díobh sin críochnaithe i nDeireadh Fómhair. Táthar sa tóir ar thionscadail eile cosúla.

Comhaontuithe idir Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus an Chomhairle do Thithíocht Shóisialta in Éirinn mar gheall ar phrótocal le leanúint ag plé le ÚÁ / Forbróirí i sealbhuithe, léasú, tógáil nua agus ceannacháin faomhaithe.

Tá na scéim cheannaigh incriminteach ag tionóntaí fógraithe agus beidh sí ag teacht i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2016 agus ón dáta sin beidh tionóntaí áitiúla cáilitheacha in ann iarratais a dhéanamh chun a dtithe a cheannach faoin scéim.

Tá 65 Aonaid ag Crois Thamhlachta do Theaghlaigh Gan Dídean faighte. Bainistithe ag TUATH AHB tá tacaíocht do theaghlaigh curtha ar fáil trí FOCUS. Áis 100 leaba éigeandála do 80 fear singil agus 20 bean shingil i mBrú Aimsir, Baile Átha Cliath ó mí na Nollag i gcomhpháirtíocht le seirbhísí do dhaoine gan dídean Crosscare chun an tionscnamh seo a sheachadadh. In éineacht leis sin tá FSS ag tacú le riachtanais chúraim shláinte phríomhúla trí SafetyNet ag cur réimse seirbhísí ar fáil lena n-áirítear comhairliúcháin DG /GP, vasáinthe agus scagthastáil sláinte. Chomh maith leis sin cuirfear ar fáil béilí éatroma, áiseanna níocháin, seirbhísí áineasa agus tacaíochta chun plé le seirbhísí ábhartha eile.

Eisíodh 221 Deontais Mhíchumais Phríobháideacha i 2015.



**Cuspóir 2:**  
**Ról ceannaireachta a**  
**ghlacadh i gcuimsiú**  
**sóisialta agus comhoibriú**  
**idiráisiúneachta**

Próiseas tairisceana maoinithe Chlár Gníomhaíochta Pobail agus Cuimsithe Shóisialta (SICAP) déanta ag Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDC) agus teagmháil déanta leis an bhforthairgeoir ráthúil. Clár Gníomhaíochta Pobail agus Cuimsithe Shóisialta (SICAP) - athbhreithniú lárthearma críochnaithe agus aontaithe le Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDC) ag a gcruinniú ar an 24 Meán Fómhair. Athbhreithniú comhthreormhar POBAL dearfach freisin i dtéarmaí seachadtha agus spriocanna comhlíonta i réimsí Díriú ar Mhíbhuntáiste Geografach agus ar Ghrúpaí faoi Mhíbhuntáiste.

Plean 6 mbliana don Phlean Pobail Eacnamaíoch Áitiúil (LECP) – piléir Eacnamaíocha agus Pobail an phlean comhaontaithe ag Coistí Forbartha Pobail Áitiúil agus Coistí um Pleanáil Straitéiseach (CBS) agus ag comhchruinniú ar an 22 Deireadh Fómhair 2015. Curtha chuig Tionól Réigiúnach i Mí na Samhna agus tugtha faoi aird. Faomhaithe ag cruinniú na Comhairle i Mí na Nollag.

Comhaontú ar mhaoiniú ó Chomhairle Spóirt na hÉireann d'Oifigeach Míchumais Spóirt i gcomhpháirt le Comhpháirtíochtaí Spóirt Chomhairle Contae Chill Dara

Féile na Bealtaine ráthúil i 2015 le lánfreastal ar an-chuid imeachtaí. Os cionn 85 imeachtaí saor in aisce eagraithe.

Leantar le Comhaontas Aoisbhá Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ag tacú le tionscnaimh a thacaíonn le daoine breacaosta sa chontae mar: Bunachar sonraí Aosach – Clár OPRAH – 23 cláraithe anois mar Scéim Ghnó a thacaíonn le daoine Breacaosta.

Reachtáladh 15 chruinniú Fóraim Chomhphóilínithe agus Póilíníú Áitiúil i 2015 lena n-áirítear cruinnithe poiblí ag Tamhlacht, Cluain Dolcáin Thiar Theas agus Cluain Dolcáin Thuaidh.

## Forbairt Tithíochta Sóisialta agus Pobail



### Cuspóir 3:

#### **Sláinte, leas, áineas agus gníomhaíocht a chur chun cinn chun cáilíocht saoil a fheabhsú**

Grúpa stiúrtha bunaithe i gcomhpháirt le FSS, Comhlacht Taighde agus Forbartha Áitiúil na Tríonóide ar an tionscnamh Contae Sláintiúil Bhaile Átha Cliath Theas chun stádas “Cathair Shláintiúil” do Thamhlacht a bhaint amach. Príomhthéamaí Gníomhaíocht Fhisiúil agus Straitéis Alcóil. Plean oibre curtha le chéile. Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas tacaithe ag Promósean agus Feabhsú Sláinte FSS agus i gcomhpháirtíocht le príomhghníomhaireachtaí sa cheantar ag déanamh a ndíchill chun creidiúint Pobal Sláinte na hEagraíochta Sláinte Dhomhanda do cheantair laistigh den Chontae a bhaint amach. Tabharfaidh an obair seo gníomhaireachtaí le chéile chun meicníocht a chomhaontú do chlár oibre sláinte agus leasa a ionchorprú isteach ina gcuid pleannanna agus seachadadh seirbhísí agus oibre sa chontae. Beidh sé mar phríomhthosaíocht faoi bhun na hoibre seo oibriú chun neamhionannais sláinte a laghdú. Príomhréimsí fócais chun Gníomhaíocht Fhisiúil agus Stíl Mhaireachtála Ghníomhaí a chur chun cinn.

Lainseáladh tuarascáil Acmhainní Sláinte agus Measúnú Riachtanas (HANA) ar an 14 Meán Fómhair 2015 ag oscailt oifigiúil um Sheachtain Leasa agus Sláinte Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá plan oibre ag éirí as na moltaí á ullmhú chun feidhmiú a thosú roimh 2016.

Chomhaontaigh SPORTATIVE Clár Forbartha Spóirt nua na Comhairle le Bord Oiliúna Oideachais Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus leis An Roinn Cosanta Sóisialta mar chomhpháirtí agus tá an 19 rannpháirtí roghnaithe aige agus tá an clár tosaithe ar an 14 Meán Fómhair 2015. Beidh an clár bunaithe in Ionad Teaghlaigh agus Óige Ghort an tSrutháin. Pléann sé do rannpháirtithe idir 18 agus 25 bliana d’aois go príomhá atá suim acu briseadh isteach i dtionscal an spóirt i gcaoi éigin nó a gcuid deiseanna oideachais a chur chun cinn. Is deis iontach an clár do dhaoine óga i gContae Bhaile Átha Cliath Theas a bheith bainteach sa chlár deartha chun a gcuid oideachais a leathnú agus cabhrú leo dul ar ais san áit oibre. Tá obair ág leanúint ar aghaidh chun clár Cócaireachta a shainnithint i gcomhpháirtíocht leis an RCS, ITT agus an Bord Oiliúna agus Oideachais.

Shínigh Coiste Cóiríochta Mhíchumais an Straitéis Chóiríochta Mhíchumais Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ag cruinniú Márta 2015 den Choiste Stiúrtha Cóiríochta Míchumais.

Tá Tionscadal an Ghairdín Domhanda ag plé le pobail i gceantar Contae Bhaile Átha Cliath Theas (lena n-áirítear mionghrúpaí eithneacha agus dífhostaithe) i gclár oideachais fhorbartha a mhúsclaíonn feasacht ar thionchar athrú aeráide ar tháirgeadh bia domhanda. Fuair Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 4500 ó Thócaire chun gné dhomhanda i nGairdíní Pobail reatha a chruthú i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

Ba ghné den lainseáil Leas agus Sláinte freisin síniú meamran tuisceana idir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Cumann Peile na hÉireann, Bord Contae Bhaile Átha Cliath CLG, Rugbaí Laighin agus Cruicéad Laighin ar oibriú le chéile chun spóirt a chur chun cinn, gníomhaíocht, rannpháirtíocht agus gnóthú chun leas agus sláinte ár saoránach a fheabhsú. Lainseáladh freisin

Lámhleabhar 55 plus Active Daily do cheantair Cluain Dolcáin agus Leamhcán. Laineálfar an lámhleabhar don Chontae le linn na Seachtaine um Chuimsiú Sóisialta i nDeireadh Fómhair.

Seachtain um Chuimsiú Sóisialta 16 Samhain go 22 Samhain 2015. Laineáil an Méara Sarah Holland an 10ú Seachtain um Chuimsiú Sóisialta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas go hoifigiúil ar an Luan 16ú Samhain 2015.

Is mar seo a bhí in 2015

- Bhí 331 imeachtaí Pobail ann a mheall 89,639 rannpháirtithe.
- 551,620 cuairteoirí go Saoráidí Áineasa na Comhairle.
- Tacaíodh 33 Tionscadal/Campaí i 2015 ag freastal ar 6,000 leanaí.
- Eagraíodh 6 Lá Teaghlaigh agus tugadh tacaíocht do 10 bhFeile Sráidbhaile
- Bhí 117,855 rannpháirtithe Clár Spóirt i 2015 agus beis is 2,138 imeachtaí.



#### Cuspóir 4

### **Ceannaireacht agus forbairt phobail a éascú trí chaidreamh gníomhach agus cumhachtú pobail**

Bhí Gradaim Díchill ag dul chun cinn i 2015 agus tá an cuspóir ag Gradaim a rinneadh ar an 11 Nollaig 2015. Ba é aidhm na nGradam Díchill ná tacú le Pobal Bhaile Átha Cliath Theas é a chur chun cinn agus aithint a thabhairt dá bhuid bainte amach aige.

Laineáil an Méara an Ciste Tionscnaimh Phobail faomhaithe ag an gComhairle ar an 2 Meitheamh 2015 go foirmiúil. Cheadaigh an tionscnamh do Ghrúpaí Pobail tacaíocht mhaoinithe a iarraidh nach bhfuil ar fáil ó acmhainní eile. Tá sé deartha chun maoinithe/ deis rochtana ar mhaoiniú a chur ar fáil do bhreithe suntasacha pobail agus cultúrtha/oidhreacht nó tionscnaimh chomharsanachta.

Shínigh Comhairle Contae Bhaile Áth Cliath Theas an ceadúnas ar an 2 Meitheamh 2015 go foirmiúil le Comhairle Phobail Baile Phámar chun an foirgneamh an iarBhord Sláinte ag Bóthar an Mhainéir a úsáid don Phobal agus i gcomhpháirtíocht le hOrd Mhála. An Méara a d'óstáil an searmannas.

Comhaontaíodh ag an gCoiste um Phleanáil Straitéiseach go n-osclofar an Scéim Deontas Pobail d'iarraitais dhá uair sa bhliain i bhFeabhra agus Meán Fómhair ó 2016 anall. Ó 2015 comhaontaíodh plean leasaithe de bhrí go bhfuil roinnt iarratas déanta cheana. Fógraíodh an scéim dheontais seo tríd an suíomh gréasáin, PPN, Foireann Pobail agus Meán Sóisialta.

Chuaigh an tOibrí Tacaíochta don Ard-Rúnaí i mbun dualgas le linn 2015 agus beidh sé ag obair ón mBíúro Deonach Bhaile Átha Cliath Theas D'fhógair an RCPRÁ maoiniú breise chun tacú le PPNanna go náisiúnta. Úsáidtear an PPN d'fhógraí go léir ón gComhairle. Athlaineáladh PPN i Samhain 2015. Chláraigh 337 Grúpa faoi dheireadh Mí na Nollag.

# Comhshaol Uisce agus Athrú Aeráide





**COMHSHAOL 2015**

An líon ceadanna áiseanna dramhaíola agus deimhnithe ar chlárú deonaithe in 2015	13
--	----

**COSC AR BHRUSCAR AGUS FORFHEIDHMIÚ**

An líon Gearán faoi Thruailliú ó Bhruscar	3754
An líon Gearán faoi Thruailliú ó Bhruscar a réitíodh	3754

**GEARÁIN FAOIN GCOMHSHAOL AGUS FORFHEIDHMIÚ**

An líon Gearán faoi Thruailliú Aeir	127
An líon Gearán faoi Thruailliú Aeir a réitíodh	125
An líon Gearán faoi Thruailliú ó Thorann	118
An líon Gearán faoi Thruailliú ó Thorann a réitíodh	113
An líon Gearán faoi Thruailliú Uisce	58
An líon Gearán faoi Thruailliú Uisce a réitíodh	57

**SEIRBHÍSÍ UISCE 2015**

An toilleadh iomlán uisce soláthartha (m <sup>3</sup> /sa lá) faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás váitiúil freagrach	70,941
---	--------

An toilleadh uisce gan chuntas (m <sup>3</sup> /sa lá) faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach	13,536
---	--------



## Comhshaol Uisce agus Athrú Aeráide



### **Cuspóir 1:** **Cuma ár dtír a fheabhsú** **chun leasa forbairt** **eacnamaíoch**

1750 Heicteáir fearann páirce agus spás oscailte á gcothabháil lena n-áirítear sceideal gearrtha féir uair sa choicís ó Mhárta go Deireadh Fómhair a chiallaíonn 4600 heicteáir féir gearrtha.

Plean Nua Bainistíocht Bruscair glactha ag Cruinniú Comhairle Dheireadh Fómhair. Plean Gníomhaíochta chun an Plean Bainistíocht Bruscair a chur i bhfeidhm do 2015 agus 2016 san aguisín. Fiosraíodh 3321 gearáin, eisíodh 479 Fíneálacha Bruscair le 96 Cásanna os comhair na Cúirte le linn 2015.

Ag maireachtáil le Crainn - Faomhaíodh Polasaí Bainistíochta Crann na Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas maidir le 60,000 crann na Contae ag Comhairle i Mí Iúil agus Iainseáil an Méara Comhairleoir Sarah Holland é go foirmiúil ar Lá na gCrann Náisiúnta. Tá cigireacht déanta ar 5,889 crainn agus os cionn 2,200 prúnáilte nó curtha i leathaobh i 2015.

Fógraíodh tairiscint na Scéime Feabhsúcháin N81 ag iarraidh seirbhísí tírdhreacha um mholadh deartha nuálach d'oibreacha tírdhreacha crua agus bog a dhearadh agus cur chun feidhme an tionscadail a bhainistiú, tairiscintí le bheith ar ais roimh 21 Eanáir 2016.

Tús curtha le Scéim Urraíochta Timpealláin comhaontaithe urraíochta déanta leis an Square SC agus Roadstone Teo.

Clár Suíomhanna Tréigthe á gcothabháil le cigireacht déanta ar 270 Foirgnimh Dhainséaracha/ Suíomhanna Tréigthe le linn na bliana agus 11 shuíomh ar an gClár ag deireadh 2015 suas ó 9 ag tús 2015.

Scrúdaíodh tionscnaimh mhonatóireachta chomhshaoil lena n-áirítear Teilifís Ciorcaid Iata (TCl/CCTV), Bruscar/dramhaíl agus Gléasanna Fuaim In-ríomhchláráithe chun cabhrú le cosc a chur le bruscar, dumpail neamhdhleathach agus salú ag madraí. Rinneadh teicneolaíochtaí nuálacha píolótacha i gceantair áirithe agus bhí meánlaghdú 82.5% i dtarluithe dumpail neamhdhleathach mar thoradh air. Roghnaíodh trí pháirc go háirithe ina bhféadfadh salú ag madraí a tharla chun monatóireacht a dhéanamh orthu a raibh meánlaghdú 63% mar thoradh air.

Bailíodh beagnach 400 tonna dramaíola ó bhoscaí bruscair agus 4,000 tonna d'ábhar dumpáilte go neamhdhleathach i 2015 le 5,188 tonna de scuabhadh bóthair/ dramhail glanadh silteáin bailithe agus diúscairthe le linn dromchla bóthair 11,163km a scuabadh.

**Cuspóir 2:**  
**Inbhuanaitheacht**  
**chomhshaoil a ionchorprú i**  
**gceapadh beartas agus cláir**  
**fheidhmithe go léir.**



Comhaontaíodh Plean Seirbhíse Bliantúla le Uisce Éireann agus seirbhís curtha ar fáil faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse.

Rinneadh 1,500km príomhlínte uisce agus 4 mhórthaiscumar stórala a chothabháil.

Soláthraíodh 71ml uisce in aghaidh an lae le 19% uisce gan tásc (UFW).

Rinneadh 1,200 séaracha uisce dromchla agus bréan a chothabháil.

Deisíodh 543 pléascanna agus ligín uisce.

Rinneadh Cáilíocht Uisce a chothabháil ag meán 99.7% le linn na bliana le 72 Tarluithe Truailithe Uisce réitithe le linn na bliana.

D'fhaomhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí an Cuimre Cláir Dréachtdeartha don Scéim Mhaolaithe Tuile Abhainn an Phoitéil.

Ceapadh sainchomhairleoirí don dearadh mionsonraithe agus ullmhú conartha don Scéim Mhaolaithe Tuile Bhaile Uí Chuilinn.

Críochnaíodh cobhsúchán bruach an Dothra ag Club Leadóige Theach Mealóg.

Críochnaíodh Scéim 20k um Maolú Tuile chun tuiliú a mhaolú i gCoill Uí Fhiachra.

D'óstáil Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas i gcomhair le Gníomhaire Cosanta Comhshaoil (EPA) roinnt cheardlanna ar Phleananna Oiriúnaithe Athrú Aeráide agus cuireadh iad i láthair ag an RCPRÁ Seimineáir Réigiúnacha arna reachtáil ar Phleananna Oiriúnaithe Athrú Aeráide.

## Comhshaol Uisce agus Athrú Aeráide



### Cuspóir 3:

#### **Ár gcuid ról rialála, ceadúnaithe agus forfheidhmithe in éineacht leis an nGíomhaire Cosanta Comhshaoil a bhainistiú.**

Comhaontaíodh Plean Seirbhíse 2015 le Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Forálacha reachtaíocht chomhshaoil go léir á gcur i bhfeidhm go leanúnach agus tús curtha le rialúcháin le 267 nósanna imeachta fhorfheidhmithe agus 252 Fógraí Forfheidhmithe eisithe i 2015. Rinneadh 3444 Cigireachtaí Sceidealaithe agus Neamhsceidealaithe ar an 39 saoráidí ceadaithe.

190 ceardlanna um Feasacht Chomhshaoil do scoileanna pobail agus gnónna arna seachadadh.

125 Scoileanna cláraithe i gClár na Scoileanna Glasa.

74 Ionaid Fág Anseo agus 2 Ionad Athchúrsála curtha ar fáil.

Reachtaíocht ar Rialú Ainmhithe curtha i bhfeidhm go gníomhach. 710 madraí agus 231 capaill curtha i bpóna le linn na bliana. Rinneadh cigireachtaí rialta ar phónaí capaill agus madraí freisin le monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht chonartha agus aisghabháil airgid.

Conradh do Sheirbhís Póna Madraí leathnaithe go Lúnasa 2016 agus conradh ar Ghabháil Capaill agus Seirbhís Póna a Sholáthar agus a Oibriú arna leathnú ar feadh tréimhse 2 bhliain. Comhairle Contae Bhaile átha Cliath Theas ionadaithe ar an ngrúpa oibre náisiúnta chun tairiscint náisiúnta amach anseo a fhorbairt.

Forbairt Tionscadal Capaill Uirbreach i bPáirc Bhaile Eoghain faomhaithe ag Cruinniú Comhairle Mí na Nollag.

Ag deireadh 2015 - 9,371 ceadúnais madraí i bhfeidhm sa Chontae.

Tá an Oifig Dramhaíola Reigiúnaí i seirbhís agus tá roinnt tasc idir lámha maidir leis an gClár Líonra Údarás Áitiúil um Chosc (LAPN), Sonraí Diomailte 2013/2015, Feachtais um Feasacht Réigiúnach agus tá an plean oibre don tréimhse 2015/16 comhaontaithe ag 12 Údarás Áitiúla. [www.emwr.ie](http://www.emwr.ie)



**Cuspóir 4:**  
**Ár bpáirceanna agus**  
**ár gceantair áineasa**  
**a chothabháil agus a**  
**fheabhsú chun ar gcáilíocht**  
**saoil a bhreisiú.**

Iníúchadh mionsonraithe déanta agus á chothabháil ar 163 páirceanna imeartha arna soláthar ag an gComhairle.

Athbheithniú ar shaoráidí garraí scóir i ndáil le 433 dáileachtaí talún reatha curtha ar fáil faoi láthair agus tús curtha le Straitéis Ghairdíní Pobail.

Clár spás-súgartha arna sheachadadh le linn 2015 – Spásanna Pleanáilte – 14, Críochnaithe – 2, Á Thógáil – 1, ag Céim Dheartha – 2, i gComhairliúchán – 5, Suíomh Neamhfhéidearthach – 2, Mhalartach 2.

Ghlac os cionn 500 rannpháirtithe páirt i nDúshlán Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus ghlac 2,200 rannpháirtithe ó 51 scoileanna páirt i gCraobhacha Tras –Tíre na mBunscoileanna i bPáirc an Chróchaigh ar an 14 Bealtaine.

Glacta leis an gClár Foirgníochta Phaillíúin 3 bliana ag Cruinniú Comhairle Meithimh.

Cuid 8 de Mholtaí Comhairliúcháin Phoiblí le haghaidh paillíúin a thógáil ag na suíomhanna seo a leanas: Cuireadh chun cinn Páirc an tSeanbhábhuin, Páirc Chorcaí agus Páirc Ghleann an Ghrifín, tá tuarascáil ar Chomhairliúchán Chuid 8 á hullmhú le cur i láthair ag Cruinniú Comhairle Feabhra 2016.

# Cumasaíocht Eagraíochtúil agus Cuntasaíocht



**CUMAS EAGRÚCHÁIN AGUS CUNTASACHTA 2015**

Teagmhálacha Custaiméirí a próiseáladh trí Chóras Bainistíochta Custaiméirí	80,077
Líon Uiríoll na mBall a próiseáladh	8,223
Glaonna gutháin a freagraíodh	166,344
Fiosrúcháin faoi Shocraigh do Shráid	4,564
Leathanaigh ghréasáin a osclaíodh	2,823,874
Lucht Leanúna na Meán Sóisialta	14,205
Ceisteanna ó na Meáin	508
Líon iomlán na foirne (Coibhéis Lánaimseartha) ag deireadh mhí na Nollag 2015	1,017.17

**TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC) 2015**

An Líon amharc ar shuíomhanna gréasáin na Comhairle	3,023,986
Costas Crua-earraí agus Bogearraí roinnte faoi CL	€4,812,149



## Cumasaíocht Eagraíochtúil agus Cuntasaíocht



### Cuspóir 1:

#### **Tacú le daonlathas áitiúil lena n-áirítear ceapadh beartas agus ról ionadaíochta ár mBall Tofa**

Clár Cuimhniúcháin 2016 do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a ullmhú: Bunaíodh Coiste 2016 na hÉireann Bhaile Átha Cliath Theas agus ainmníodh Comhordóir Clár áitiúil 2016 in Eanáir. Lainseáladh an clár comhairliúchán poiblí i Leabharlann Bhaile Uí Ru áin in Aibreán 2015 agus rith an comhairliúchán poiblí ó Aibreán - Meán Fómhair agus áiríodh ann ceardlann, ar ar fhreastail a lán daoine, i Staidiam Tamhachta i Meitheamh le níos mó ná 150 rannpháirtithe agus ceann eile i Leabharlann Leamhcáin le níos mó ná 70 rannpháirtithe ann. Bronnadh deontais ar 43 grúpaí pobail trasna Bhaile Átha Cliath Theas i Meán Fómhair faoi Chiste Cuimhniúcháin Phobail agus d'fhaomhaigh an Chomhairle agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta an Dréachtchlár Cuimhniúcháin faoi Dheireadh Fómhair 2015. Lainseáil an Méara Sarah Holland an Clár Cuimhniúcháin Chontae Bhaile Átha Cliath Theas go hoifigiúil ar an 2 Nollaig 2015.

Tionscnaimh an Mhéara: Gach bliain bíonn clár imeachtaí gnóthach ag an Méara agus obair ar siúl aige/aici trasna a chuid nó a cuid feidhmeanna agus a rannpháirtíocht sa phobal. Mar sin féin anuas air sin cuireann gach Méara béim ar leith ar shaincheisteanna áirithe a aibhsiú laistigh den chontae agus ag ardú an próifíl atá tacaíthe ag oifig an Mhéara agus ranna ábhartha trasna na Comhairle. Sa bhliain 2015 áiríodh sna himeachtaí sin:

Threoraigh an Méara Comhairleoir Fintan Warfield Comhdháil don Óige ar an 4 Márta i RUA RED dár teideal 'Ag Fás aníos i gContae Bhaile Átha Cliath Theas', ar ar fhreastail os cionn 70 rannpháirtithe.

Tionscnamh 'Shadow the Mayor': Forbraíodh clár taithí oibre do dhaltaí Idirbhliana ag leanúint ar mholadh ó chomhdháil an Mhéara don óige a fhorálann do dhaltaí ó Chontae Bhaile Átha Cliath Theas an Méara a scáthánú ag imeachtaí poiblí agus obair a dhéanamh in oifig an Mhéara ar feadh seachtain amháin. Treoraithe ag Comhairleoir Méara Fintan Warfield, rith an clár seo in Aibreán / Bealtaine agus moladh é ag an Méara nua, Comhairleoir Sarah Holland.



D'óstáil Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas cuairt oifigiúil ó Chathair Tampa, Florida agus Comhlachas Tráchtála Tampa i Meán Fómhair 2015 áit inar síníodh go foirmiúil Comhaontas Comhchathracha idir an dá Údarás Áitiúla araon agus Comhaontas Comhoibríthe arna síniú idir an dá Chomhlachas Tráchtála. Beidh comhoibríú chun comleasa an dá phobal mar thoradh ar na comhaontais seo trí dheiseanna oideachasúla, eacnamaíoch agus cultúrtha i réimsí ealaíon agus cultúir, sláinte, eolaíochta, oideachais, turasóireachta agus gnó.

Athbhreithniú ar Bhuanorduithe agus córais Uirill Ball: Bhuail Ceannairí Grúpa le chéile dhá uair go luath i 2015 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Bhuanorduithe agus cuireadh tuarascáil ar na moltaí i láthair ag Coiste Airgeadais agus Nósanna Imeachta Eagraíochtúil i Márta. Faomhaidh na Buanorduithe leasaithe ag Cruinniú Comhairle Aibreáin. Ag leanúint air sin cuireadh tús le hathbhreithniú ar chóras uirill na mBall le tuarascáil anailíse feidhmíochta a cuireadh i láthair ag an gcruinniú CPG i Meitheamh agus ansin do Cheannairí an Ghrúpa agus an Fhoireann Bhainistíochta. Chuir an t-aiseolas seo na hathruithe a bhí riachtanach don chóras chun freagairt agus feidhmíocht an chórais a bhreisiú, ar an eolas. Tá comhordaitheoirí d'Uirill Ball trasna gach Ranna ceaptha, tá feidhmíocht an chórais á tuairisciú anois do Chomhairleoirí go léir ag an gcruinniú Eagraíochta, Nósanna Imeachta agus Airgeadais agus tá na hathruithe comhaontaithe fágtha faoi shiúl chun feidhmíocht a bhreisiú.

Clár Toghthóirí: Bhí obair ar an gClár Toghthóirí a uasdháthú faoi shiúl ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2015 le oibríthe allamuigh fostaithe chun glaonna ó dhoras go doras a dhéanamh chuig gach teaghlach sa chontae. Foilsíodh an Dréachtchlár Toghthóirí ó 1 go 25 Samhain agus cuireadh tús le feachtas promóisín chun an pobal a spreagadh an clár a sheiceáil. Tá an próiseas dúnta anois agus tá an Clár Toghthóirí anois á ullmhú don 15 Feabhra 2016. Is féidir le baill den phobal leanúint ar aghaidh leis an gclár a sheiceáil agus iarratas a dhéanamh le bheith san áireamh faoin gClár Forlíontach.

Reachtáladh Cruinniú Cinn Bliana na Comhairle ar an 26 Meitheamh leis an Méara nua, Leas-Mhéara agus toghadh cathaoirleacha Coistí Ceantair.

## Cumasaíocht Eagraíochtúil agus Cuntasaíocht

### Cuspóir 2:

#### **Cuir bainistíocht airgeadais láidir, bainistíocht riosca, iniúchadh agus córais rialachas corparáideach ar fáil**

Bainistíocht Airgeadais: Baineadh amach leas airgeadais agus bainistíocht airgeadais éifeachtúil na comhairle i 2015 agus tacaíodh leis trí mhodhanna éagsúla ag obair lena chéile. Rinneadh rialú agus monatóireacht go gníomhach ar bhuiséid le tuairiscí ceathrúnacha ar ioncam agus caipiteal eisithe don Chomhairle agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Eisíodh billí tráchtála €123m san iomlán in Eanáir. Rianaíodh ioncam trí bhilleáil mhíosúil a tháirgeadh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus ráitis bhailiúcháin chun uasmhéadú ioncaim a chinntiú. Táirgeadh clár caipitil 3 bliana ag ionchorprú tionscadail €221.5m do 2016-2018 fad is gur ghlac an Chomhairle le buiséad ioncaim 2016 de €225m ar an 5 Samhain. Ullmhaíodh an AFS 2014 roimh 31 Márta 2015 le cuntais iniúchta ina dhiaidh sin agus tuarascáil iniúcháir curtha chuig an gComhairle agus an coiste iniúcháireachta.

Coiste Iniúcháireachta: D'fhaomhaigh an Coiste Iniúcháireachta an Plean Iniúcháireachta Straitéisigh 2015-2017 agus an Plean Iniúcháireachta Bhliantúil 2015 i bhFeabhra. Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta 2014 faoi bhráid na Comhairle ag an gCruinniú Comhairle in Aibreán agus rinne sé breithniú an Choiste ar Ráiteas Airgeadais Iniúchta 2014 agus Tuarascáil an Iniúcháir a thuairisc ag an gcruinniú comhairle i Mí na Nollag. D'fhaomhaigh baill cairt agus clár oibre an Choiste Iniúcháireachta 2016 ag an gcruinniú Comhairle i Mí na Nollag.

Cláraitheoir Eitice: Tháinig rialacháin nua mar gheall ar Dhearbhuithe Eitice do Bhaill agus Foireann i bhfeidhm ar an 30 Eanáir 2015 ag aisghairm Acht Rialtas Áitiúil 2001 (Cuid 15) Rialacháin 2004 (I.R.Uimh.770 de 2004). Fuarthas Dearbhuithe Eitice go léir ón bhfoireann agus Comhairleoirí roimh 28 Feabhra 2015 agus bhí an clár poiblí ar fáil go luath i Márta. Ghlac foireann go léir páirt san fhaisnéis ar an gcód iompair d'fhostaithe lena n-áirítear riachtanais faoi dhearbhuith leasa i 2015.

Soláthar: Críochnaíodh an Plean Soláthair Chorparáidigh le cur i bhfeidhm ag an Aonad Soláthair ag obair leis an nGrúpa Stiúrtha Soláthair Chorparáideach a bhuaileann le chéile dhá uair sa mhí. Rolladh amach seisiún faisnéise foirne trasna gach ranna ar an bPlean Soláthair Chorparáideach le tacaíocht leanúnach agus oiliúint ar fáil d'fhoireann go léir de réir mar a bhí ag teastáil i mbeartas soláthair náisiúnta ar phróisis tairisceana aonair agus ar bhainistíocht chonartha. Nuashonraíodh an bunachar sonraí ar bhonn leanúnach agus tosaíodh ar Phíblínte Soláthair 2016 a ullmhú i 2015. Beidh mionsonraí iomlána ar leibhéal soláthair sa Tuarascáil Bhliantúil Soláthair 2015 atá á cur le chéile faoi láthair.

Foilsíodh an Cód Caiteachais Poiblí do Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus curtha faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (NOAC) ar an 30 Meán Fómhair 2015.

Beartais Chorparáideacha Nua: Cuireadh ainm leis an mBeartas Eillitheachta agus Frithchaloise Chorparáidigh, foilsíodh agus tugadh d'fhostaithe go léir le seisiún faisnéisithe á reachtáil d'fhoireann go léir chun deimhin a dhéanamh de go raibh tairiscí ag Fostaithe Rialtas Áitiúil ar an gCód Iompair, Beartas Eillitheachta agus Frithchaloise Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Beartas Nochtá Cosanta Eatramhach.

**Cuspóir 3:**  
**Feidhm a bhaint as buntáistí sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TF) chun a bheith níos éifeachtúla agus chun seirbhísí a fheabhsú do dhaoine áitiúla**

**Tuairisciú Feidhmíochta:**

Foilsíodh Gnóthachtálacha an Phlean Chorporáidigh do 2014 i bhFeabhra 2015

Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúla le spriocanna feidhmíochta

Córas ar líne nua chun Tuairisc Bhainistíochta Mhíosúil don Chomhairle ar dhul chun cinn faoin bPlean Seachadta Seirbhíse Bhliantúil a ullmhú

Ionchur Bhaile Átha Cliath Theas sa Tuairisc ar Tháscairí Seirbhíse Náisiúnta do 2014 a chríochnú

Breithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta ar fheidhmíocht Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas sna táscairí seirbhíse náisiúnta do 2013

Tá nuashonrú seirbhís 'Connect Me' na Comhairle, Léarscáileanna Plean Forbartha agus Léarscáileanna Iarratas Pleanála críochnaithe agus beo anois ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Rinne an Chomhairle Córas Bainistíochta Leabharlainne náisiúnta nua a phiolótú agus tá sé curtha i bhfeidhm.

Tosaíodh agus seachadadh suíomh gréasáin maidir le cuimhniúchán 1916 na Comhairle. Feidhm bainte as leaganacha Gaeilge agus Béarla araon.

Córais nua bunaithe ar Chóras Faisnéise Geografaí curtha ar bun - ag cabhrú le foireann leis an bPlean Forbartha, Suirbhé Crainn, Páirceanna Imeartha agus Tithíocht Tionachta.

Mhéadaigh bainteacht na Comhairle le tionscnamh Dublinked agus rinneadh Amanna Turas, Iarratais Phleanála agus Ceamaraí Tráchtá go léir a athstruchtúrú agus anois tá siad beo ar an ardán Dublinked. Sa chuid dhéanach de 2015 thosaigh Dublinked ag ionchorprú cathracha cliste agus brandáilte mar Bhaile Átha Cliath cliste. Lainseáladh suíomh gréasáin ag clúdach na gníomhaíochta seo - [www.smartdublin.ie](http://www.smartdublin.ie)

Lainseáil suíomh gréasáin Léarscáilíú Stairiúil Nuashonraithe arna sheachadadh Bealtaine 2015.

Córas Aighneachtaí Leictreonacha maidir leis an gcomhairliúchán um an Plean Pobail agus Eacnamaíochta Áitiúil forbartha agus beo.

Bainistíocht Chrann - Tá córas chun an stoc crann a bhainistiú agus a riaradh sonraithe, curtha amach chun tairisceana, measúnaithe agus soláthraithe.

Tá céim a haon den tionscadal athdheartha idirlín tosaithe lena n-áirítear sonrúcháin agus tairiscint agus tá sé le bheith roghnaithe agus curtha i bhfeidhm i gCeathrún 1/Ceathrún 2 de 2016.

## Cumasaíocht Eagraíochtúil agus Cuntasaíocht

Saoráid ar líne arna sheachadadh maidir le deontas tacaíochta Ghnó na Comhairle.

Breithniú ar thairseach chomhairliúcháin leictreonach le seachadadh ionchais i gCeathrún 2 de 2016.

Rinneadh nuashonruithe suntasacha le córas riaracháin Phleanála na Comhairle. Réitíonn seo an bhealach glacadh go réigiúnach le hiarratais phleanála ar líne.

Tá Léarscáil Ghailearaí bunaithe ar Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) arna lainseáil ag an gComhairle ar fáil ar inlín agus ar shuíomh gréasáin poiblí na Comhairle. Beidh sé seo mar bhaile do riachtanais sonraí spásúlachta agus léarscáilithe go léir atá ag an gComhairle.

Leanadh le Wifi poiblí a rolladh amach ar fud an Chontae le úsáid rialta breis is 2500+ úsáideoirí uathúla na seirbhíse go laethúil.

Tá feidhmchlár gréasáin mhóibíle nuashonraithe/athsholáthair réamhforbartha chun sonraí tinte cnámh a bhailiú agus a chomhordú.

Tá Foireann Córas Faisnéise Geografaí (GIS) ag tosú obair ar anailís ar shonraí miondíola á theorú ag Institiúid Teicneolaíochta Tamhlachta maidir le Tamhlacht agus Cluain Dolcáin. Ionchais inseachadta tacar sonraí Ceathrún 2 de 2016.

Thosaíodh obair ar léarscáil (eanna) saoráide pobail i gcomhair leis an Roinn Pobail. Nuair atá sí críochnaithe foilseofar í trí ghailearaí léarscáile agus táthar ag súil go mbeidh sí seachadta i gCeathrún 2 de 2016.

Feidhm bainte as saoráidí Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) maidir le bealaí leathadh grin sa Gheimhreadh le hobair á leanúint ar aghaidh sa phobal, olltoghchán 2016, páirceanna imeartha, reiligí, garraí scóir, páirceanna súgartha, suíomhanna tréigthe agus tionscadail Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) mhiondíola.

**Cuspóir 4:**  
**Bealaí cuí cumarsáide**  
**a fhorbairt agus a**  
**chothabháil a chumasaíonn**  
**rannpháirtíocht saoránach**  
**réamhghníomhach**

Lainseáladh Cumarsáidí Inmheánacha agus scaipeadh ar fhoireann go léir go luath i 2015. Áitítear i measc gnóthálacha laistigh de sin:

Líonra Cumarsáide Corparáidí: Reachtáladh cruinniú tionscnaimh i Meitheamh agus bhí cruinniú ann go míosúil ina dhiaidh sin.

Thug an Phríomhfheidhmeannach 4 fhaisnéisiú Foirne d'fhoireann go léir i Staidiam Tamhlachta in Eanáir 2015 agus faisnéitithe foirne ceathrúnacha ag Stiúrthóirí le linn 2015.

Críochnaíodh Beartas Meáin Sóisialta d'Fhostaithe go léir na Comhairle agus scaipeadh iad go luath i 2015.

Foilsíodh Nuachtlitir Foirne i Meitheamh agus Mí na Nollag 2015.

Chuaigh suirbhé Foirne Cumarsáid Bhliantúil beo i Mí na Nollag 2015

Críochnaíodh sonrúcháin le haghaidh an inlín a athdhearadh mar phríomhbhealach cumarsáide d'fhoireann i 2015.

Straitéis Chumarsáide Seachtraí: Comhaontaithe ag Comhairle ag Cruinniú Comhairle Bhealtaine. Roinnt bhuachphointí dár gcumarsáid sheachtrach agus imeachtaí san áireamh: Seachtain na Gaeilge Áth Cliath Theas - lainseáladh Clár Imeachtaí ar an 3 Márta i Leabharlann an Chontae.

Bhí an Bhliain Eorpach in aghaidh an Chiniochais ar siúl idir 16 – 23 Márta 2015:

Lainseáladh Clár Soilsithe €700,000 do Shráideanna Poiblí i mBealtaine 2015

Comhairliúchán Poiblí Plean Pobail agus Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Theas ó Aibreán – Meitheamh 2015.

Comhairliúchán Poiblí Clár Cuimhniúcháin Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ar siúl Bealtaine – Meán Fómhair.

Lainseáladh Féile Leabhair Pháistí Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas ar an 6 Deireadh Fómhair i Leabharlann an Chontae Tamhlacht agus is iad dátaí na Féile 11-17 Deireadh Fómhair 2015;

Imeacht Fiontraí Óg Is Fearr na hÉireann 7 Deireadh Fómhair – Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas;

Lainseáladh Beartas Bainistíochta Crann ar an 8 Deireadh Fómhair i gCaisleán Ráth Fearnáin;

Lainseáil an Méara Lets go Mental de chuid Chomhairle na nÓg i Staidiam Tamhlachta – 8 Deireadh Fómhair, ag cur Meabharshláinte Dearfach chun cinn i measc daoine óga;

Grafaic Faisnéise Oíche Shamhna foilsithe d'Oíche Shamhna 2015 le comhairle agus rudaí le déanamh le linn na Tréimhse Oíche Shamhna in Oifigí Chluain Dolcáin 14 Deireadh Fómhair;

Lainseáil Oifig Fiontair Aitiúil Líne Chabhrach um Thacaíocht Ghnó, Torthaí Suirbhé Oiliúna agus Lá Fiontair Náisiúnta na mBan.

## Cumasaíocht Eagraíochtúil agus Cuntasaíocht



Ghlac Baile Átha Cliath Theas páirt i nGradaim Fiontraí Óg Is Fearr na hÉireann chomh maith le deiseanna Eorpacha d'Fhiontair Bheaga agus Meánmhéide (SME) agus na Deontais Ghnó a bhronntar ar ghnónna i mBaile Átha Cliath Theas.

Glacann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas Buiséad Bliantúil €225 milliún do 2016 le díriú láidir ar Sholáthar Tithíochta, Seachadadh Seirbhíse Breisithe, Turasóireacht agus Oidhreacht, Forbairt Phobail agus Eacnamaíoch

An Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú an Fhoréigin in aghaidh na mBan.

Lainseáil na Seachtaine Inrochtaineacht Náisiúnta.

D'fhaomhaigh an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) Bhaile Átha Cliath Theas €118,500 i maoiniú deontais do 8 ngnó áitiúla ag a cruinniú Coiste ar Fhaomhadh agus Measúnú i Mí na Samhna.

Gradaim Dhíchill Phobail ar siúl ar an 11 Nollaig 2015.

Foilsíocháin Chorporáideacha foilsithe i 2015:

- Foilsíodh Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúla mar bhróisiúir ghrafaic faisnéise a dáileadh go gach teaghlach, scoil agus gnó sa Chontae i Meitheamh
- Tuarascáil Bhliantúil 2014.
- Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2014.
- An 3ú Scéim Teanga na Gaeilge 2015-2018 ag leanúint ar athbhreithniú agus comhairliúchán poiblí glactha i nDeireadh Fómhair agus curtha faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta.
- Nuachlitr Saoránaigh Chontae Bhaile Átha Cliath foilsithe i Nollaig 2015 agus scaipthe go Foirgnimh agus Saoráidí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus ar líne.
- Buiséad Bliantúil 2016.

**Cuspóir 5:**  
**Tacú le foireann agus  
 forbairt eagríochtúil  
 agus feidhmíocht trí  
 dhea-chleachtas i  
 mBainistíocht Acmhainní  
 Daonna a chur i bhfeidhm**

Bainistíocht Sláinte agus Sabháilteachta: Beartas Sláinte agus Sabháilteachta nuashonraithe agus sínithe ag an bPríomhfheidhmeannach in Eanáir. Tuarascáil ar Shláinte agus Sabháilteachta go Bainistíocht Shinsearach i mBealtaine agus Nós Imeachta do Chigireachtaí Reachtúla comhaontaithe. Marcáileadh Lá Cuimhniúcháin Oibríthe ar an 28 Aibreán ag Caint Shláinte agus Sábháilteachta tugtha ag James Gorry don fhoireann bainistíocht bhreisithe, bainisteoirí líne, ionadaithe sábháilteachta agus ionadaithe ceardchumainn Reachtáladh seimineár do bhainisteoirí líne go léir ar Riosca Fiosrúchán Coiriúil a bhainistiú i gcomhar le Comhlachtaí Poiblí Éireannacha.

Pleanáil Fórsa Oibre: Críochnaíodh na pleananna fórsa oibre don lucht foirne taobh istigh agus taobh amuigh, cuireadh iad in iúl agus i bhfeidhm i 2015. Treoraíonn bainistíocht shinsearach pleanáil fórsa oibre agus tacaíonn AD/HR leo chun féachaint ar na struchtúir foirne, gráid, scileanna riachtanacha, soghluaiseacht agus folúntais chriticiúla. Bunaíodh Fóram Pleanála Fórsa Oibre nua leis na ceardchumainn a bhuaileann le chéile ar bhonn ceathrúnach chun cumarsáid agus comhaontas ar fhorbairt riachtanais an fhórsa oibre ar mhaithe le seirbhísí agus clár a sheachadadh taobh istigh de chomhthéacs an chláir athchóirithe rialtais áitiúil a chinntiú.

Clár Earcaíochta Céimithe: Earcaíodh ceithre chéimí sa Ghnó, Straitéis agus bainistíocht athraithe, AD agus na rannóga Cumarsáide agus Margaíochta agus ceapadh iad trasna Forbairt Turasóireachta agus Fiontar Eacnamaíoch agus Feidhmíocht Chorpáraideach agus Bainistíocht Athraithe. Áiríodh sa chlár Céimithe oiliúint i scileanna cóiteála agus meantóireachta do bhainisteoirí líne agus meantóirí sannta agus ionduchtú cuimsitheach rialtas áitiúil agus clár oiliúna do na céimithe.

Scéimeanna Gníomhachtaithe Saothair: Tá roinnt mhaith tacaíochta do bhearta gníomhaíochta saothair laistigh de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le os cionn 340 poist ar fáil trasna Geatabhealach, Tionscnamh Jabanna agus Fostaíocht Phobail. I 2015 shroicheadar ár spriocanna 215 poist líonta ar an tionscnamh Gateway agus tá earcaíocht trasna scéimeanna go léir leanúnach.

Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS): Tosaíonn an Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmeanna le foilsiú inmheánach Plean Foireann Bhainistíochta go bliantúil agus ansin treoraíonn bainisteoirí líne sceideal le haghaidh comhaontú pleananna foirne go léir agus pleananna forbartha phearsanta agus tá sé comhordaithe ag AD go bliantúil. I 2015 tosaíodh rolladh amach athruithe náisiúnta don Chóras Forbartha Bainistíochta Feidhmeanna agus áiríodh ann oiliúint do bhainisteoirí líne go léir chun feasacht agus tuiscint ar na hathruithe don chóras a chinntiú.

Plean Oiliúna Corparáideach 2015: Tá riachtanais oiliúna corparáideacha sainaitheanta trí phróiseas an Chórais Fhorbartha Bainistíochta Feidhmeanna anailís riachtanas oiliúna sláinte agus sábháilteachta agus próiseas pleanála an fhórsa oibre. Sheachaid an plean Oiliúna 2015 oiliúint do 2520 fostaithe agus i

## Cumasaíocht Eagraíochtúil agus Cuntasaíocht

measc cuid de na buachphointí bhí Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta do 1395 lucht foirne; clár cuimsitheach oiliúna agus forbartha d'fhoireann bhainistíochta tús líne go léir (Grád 6 agus analógach) chomh maith le oiliúint ranna leanúnach mar shampla Cumarsáid Éifeachtach Trasna Baicinn Teanga agus Cúram Custaiméara den Scoth agus oiliúint ar Theicníochtaí Teifeafóin.

Clár Sláinte Cheirde: Bhí os cionn 70 fostaí rannpháirteach sa Dúshlán Fórsa Oibre Sláinte 8 seachtaine i 2015 agus críochnaíodh soláthar don Chlár Scagála Sláinte cuimsitheach d'fhoireann go léir i 2015 le rolladh amach go luath i 2016.

Lainseáladh Aitheantas Seirbhíse Foirne, Gradaim Nuálacha agus Shármhaitheasa i Mí na Samhna agus reachtáladh ag Searmanas Gradaim tionscnaimh ar an 17 Nollaig le haitheantas tugtha d'fhoireann go léir ar scor, foireann le níos mó ná 25 bliana seirbhíse agus foireann le taifid tinrimh den scoth. Tugadh gradaim shármhaitheasa freisin sna catagóirí Seirbhís Cháilíochta, Nuálaíocht, Luach ar Airgead agus catagóirí Cuimsitheachta.

Aistriú go MyPay - AD, Párolla agus Seirbhís Roinnte Náisiúnta Aoisliúntais: D'aistrigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an tseirbhís roinnte phárolla náisiúnta MyPay i mBealtaine 2015 agus tá ullmhúcháin idir lámha ar an Tionscnamh Ullmhachta Sonraí Aoisliúntais chun an t-aistriú aoisliúntais go dtí an tseirbhís roinnte náisiúnta i 2016 a chinntiú.

Cosaint Leanaí: Scaipeadh an Polasaí Cosanta Leanaí chuig foireann go léir agus cuireadh oiliúint ar siúl don Phainéal Tacaíochta a rollaigh amach ansin oiliúint i gcosaint leanaí laistigh de gach roinn. Bíonn cumarsáid leanúnach ag oifigí cosanta leanaí sainithe le Tusla de réir mar atá ag teastáil agus freastalaíonn siad ar oiliúint á óstáil ag an nGníomhaire Bainistíochta Rialtas Áitiúil (LGMA) ar riachtanais reachtúla agus nós imeachta.

Lean Six Sigma / Feabhsú Próisis Ghnó: Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ag glacadh le modheolaíochtaí na lean six sigma chun éifeachtúlachtaí a thiomáint agus diomailt a dhíothú trasna na heagraíochta. Chun é seo a éascú tá oiliúint faighte san Aonad Nuálaíochta, Straitéise agus Bainistíocht Athruithe go caighdeán Crios Dubh agus Crios Glas agus fuair foireann bainistíochta sinsearaí lá oiliúna i dTionscnaimh Lean Six Sigma. Tá sé thionscnamh sigme á ndéanamh trasna Feidhmíocht Chorporáideach agus Bainistíocht Athruithe agus Tithíochta, agus stiúrtóireachtaí Forbartha Pobail agus Sóisialta.

Promadh éagsúlachta agus comhionannais: Promhadh beartais AD go léir mar chuid dár ról mar Sheaipíní Éagsúlachta agus rinneadh na hathruithe cuí chun a chinntiú go bhfuil ár gcleachtais AD cuimsitheach go hiomlán, bunaithe ar phrionsabail chomhionannais agus forbairt fórsa oibre éagsúil a spreagadh.





## Gradaim Chorpháide 2015

### Gradaim Rialtais Áitiúil Comhlachais Éireann

Thóg Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an 'Gradam Seirbhíse Leabharlainne is Fearr' dá gcláir 'Campas Cruthaitheach: Ag Tacú lenár scoileanna dara leibhéal i mBaile Átha Cliath Theas' agus an gradam 'Cothú na nEalaíon' do 'TENDERFOOT: Imleabhar drámaí do dhaoine óga, tionscadal comhpháirtíochta le hAmharchlann na Cathrach treoraithe ag ealaíontóir amharclainne Veronica Coburn.

### Gradaim Tithíochta Phobail 2015

Bhuaigh Valhalla scéim cónaitheach neamhspleách i gceartlár Cluain Dolcáin dhá ghradam ag an gComhairle Éireannach do Ghradam Tithíochta Pobail Tithíocht Sóisialta a reachtáladh ar an 16 Meán Fómhair i dTulach Mhór. Bhuaigh an scéim an chatagóir 'Tithíocht do Dhaoine le Míchumais' agus freisin príomhghradam an tráthnóna 'Buaiteoir Foriomlán 2015'.

### Gradaim LAMA

Bhuaigh Baile Átha Cliath Theas na gradaim don chatagóir Údarás Níos Nuálaí ag Gradaim LAMA 2015 do Straitéis Comhairliúcháin Phlean Forbartha Contae um Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

# Aguisín 1: Cairteacha agus Graif Airgeadais

## Clár Comhardaithe ag an 31 Nollaig 2015 (neamh-iniúchta)

	2015 € 000	2014 € 000
Sócmhainní Seasta agus Obair Idir Lámha	<b>3,249,315</b>	3,218,756
Féichiúnaithe Fadtéarma	<b>201,302</b>	207,404
Glansócmhainní Reatha	<b>94,399</b>	99,426
Creidiúnaithe Fadtéarma	<b>(244,081)</b>	(250,522)
Glansócmhainní	<b>3,300,935</b>	3,275,064
<b>Maoinithe ag:</b>		
Obair Idir Lámha agus Cuntas Caipitlithe	<b>3,240,335</b>	3,201,652
Cúlchiste Ioncaim – Sonrach	<b>10,805</b>	10,805
Cúlchiste Ioncaim – Ginearálta	<b>12,080</b>	12,052
Comharduithe Eile	<b>37,715</b>	50,55
	<b>3,300,935</b>	3,275,064

## Ráiteas ar chuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain dar críoch 31 nollaig 2015 (neamh-iniúchta)

	Ollchaiteachas 2015 € 000	Ioncam 2015 € 000	Glanchaiteachas 2015 € 000
Tithíocht agus Tógáil	53,563	37,111	(16,451)
Iompraíocht ar Bhóthar agus Sábháilteacht	24,396	2,994	(21,402)
Seirbhísí Uisce	10,579	9,457	(1,122)
Bainistíocht Forbartha	14,519	5,185	(9,334)
Seirbhísí Comhshaoil	30,660	7,749	(22,911)
Áineas agus Conláistí	31,590	4,732	(26,858)
Talamhaíocht, Oideachais, Sláinte agus Leas	1,968	656	(1,312)
Seirbhísí Ilghnéitheacha	21,918	2,087	(19,831)
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	<b>189,372</b>	<b>70,060</b>	

## Glanchothas Rannán le maoiniú ó Rátaí, Cáin Mhaoine Áitiúil agus

<b>Asbhaintí a bhaineann le Pinsean (PRD)</b>	(119,312)
Rátaí Ioncaim	123,061
Cáin Mhaoine Áitiúil	12,469
Asbhaintí a bhaineann le Pinsean (PRD)	2,750

**Glanaistrithe go Cúltaicé** (18,940)


**Farasbarr don Bhliain** **29**

**Cúltaicé Ginearálta ag an 1 Eanáir 2015** 12,052


**Cúltaicé Ginearálta ag an 31 Nollaig 2015** **12,080**

**Caiteachas Iomlán 2010 - 2015**

**Caipitiúil (€'000) Ioncam (€'000)**



**Caiteachas Ioncaim 2015 an Rannán (€'000): Iomán €221,367**



TABHAIR FAOI DEARA: Áirítear sna figiúirí seo aistrihe ó / chuig cúltacaí

# Aguisín 2: Ballraíocht Comhairle Coistí agus Comhlachtaí Eile

## Cluain Dolcáin

**Comhairleoir Trevor Gilligan (FF)**

tgilligan@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Emer Higgins (FG)**

ehiggins@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Kenneth Egan (FG)**

kegan@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Francis Timmons (IND)**

ftimmons@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Jonathan Graham (SF)**

jgraham@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Breda Bonner (LAB)**

bbonner@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Eoin O' Broin (SF)**

eobroin@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Gino Kenny (PBP)**

gkenny@cllrs.sdublincoco.ie

## Leamhcán

**Comhairleoir Ed O'Brien (FF)**

eobrien@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Vicki Casserly (FG)**

vcasserly@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir William Lavelle (FG)**

wlavelle@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Guss O'Connell (IND)**

goconnell@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Liona O'Toole (IND)**

lotoole@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Paul Gogarty (IND)**

pgogarty@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Ruth Nolan (PBP)**

rnolan@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Danny O'Brien (SF)**

dobrien@cllrs.sdublincoco.ie

## Ráth Fearnáin

**Comhairleoir Anne-Marie Dermody (FG)**

amdermody@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Paula Donovan (FG)**

pdonovan@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Francis Duffy (GP)**

fduffy@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Deirdre O'Donovan (IND)**

dodonovan@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Sarah Holland (SF)**

sholland@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir John Lahart (FF)**

jlahart@cllrs.sdublincoco.ie

## Tamhlact An Lár

**Comhairleoir Kieran Mahon (AAA)**

kmahon@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Mick Murphy (AAA)**

mmurphy@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Charlie O'Connor (FF)**

coconnor@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Brendan Ferron (SF)**

bferron@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Mick Duff (LAB)**

mduffy@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Maire Devine (SF)**

sdevine@cllrs.sdublincoco.ie

## Tamhlact Theas

**Comhairleoir Brian Leech (AAA)**

bleech@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Nicky Coules (PBP)**

ncoules@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Cathal King (SF)**

cathalking@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Dermot Richardson (IND)**

drichardson@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Louise Dunne (SF)**

ldunne@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Martina Genockey (LAB)**

mgenockey@cllrs.sdublincoco.ie

## Teach Mealóg – Tír an Iúir

**Comhairleoir Paul Foley (FF)**

pfoley@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Dermot Looney (IND)**

dlooney@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Ronan McMahon (RENUA)**

rmcmahon@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Pamela Kearns (LAB)**

pkearns@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Fintan Warfield (SF)**

fwarfield@cllrs.sdublincoco.ie

**Comhairleoir Colm Brophy (FG)**

cbrophy@cllrs.sdublincoco.ie

## Aguisín 2.1: Ballraíocht de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

### **Cathaoirleacha Coistí Ceantair**

Comhairleoir Francis Timmons tofa d'aon ghuth mar Chathaoirleach ar Choiste Ceantair Chluain Dolcáin

Comhairleoir Gus O' Connell tofa d'aon ghuth mar Chathaoirleach den Choiste Ceantair Leamhcáin.

Comhairleoir Cathal King tofa d'aon ghuth mar Chathaoirleach Coiste Ceantair Tamhlachta.

Comhairleoir Deirdre O'Donovan tofa d'aon ghuth mar Chathaoirleach Coiste Ceantair Ráth Fearnáin/ Theach Mealóg – Tír an Iúir.

### **Coistí Beartas Straitéiseach**

#### ***Coistí Beartas Straitéiseach Ealaíon, Cultúir, Gaeilge, Oideachais agus Leabharlanna***

Comhairleoir Dermot Richardson — Cathaoirleach

Comhairleoir Fintan Warfield

Comhairleoir Breeda Bonner

Comhairleoir Brian Leech

Comhairleoir Francis Timmons

Comhairleoir Nicky Coules

### **Baill Rannóige**

Deirdre Mooney

Peadar Ó Caomhánaigh

#### ***Coistí Beartas Straitéiseach ar Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta***

Comhairleoir John Lahart — Cathaoirleach

Comhairleoir Guss O' Connell

Comhairleoir Ronan Mc Mahon

Comhairleoir Francis Duffy

Comhairleoir Paul Foley

Comhairleoir Anne-Marie Dermody

Comhairleoir Emer Higgins

Comhairleoir Brendan Ferron

### **Baill Earnála**

Seán Reid

Garrett Robinson

Tara de Buitléar

Damien Roche

## Aguisín 2: Ballraíocht Comhairle Coistí agus Comhlachtaí Eile

### **Coistí Bearta Straitéiseach ar Chomhshaol, Réimse Poiblí agus Athrú Aeráide**

#### Baill Chomhairle

Comhairleoir Pamela Kearns — Cathaoirleach  
Comhairleoir Deirdre O' Donovan  
Comhairleoir Danny O'Brien  
Comhairleoir Ed O' Brien  
Comhairleoir Maire Devine  
Comhairleoir Paula Donovan

#### Baill Earnála

Donal Anderson  
John O'Farrell  
Connie Kiernan

### **Coistí Beartas Straitéiseach ar Thithíocht**

#### Baill Chomhairle

Comhairleoir Cathal King — Cathaoirleach  
Comhairleoir Gino Kenny  
Comhairleoir Louise Dunne  
Comhairleoir Kieron Mahon  
Comhairleoir Mick Duff  
Comhairleoir Martina Genockey  
Comhairleoir Eoin O Broin  
Comhairleoir Trevor Gilligan

#### Baill Earnála

Betty Tyrrell Collard  
Tricia Nolan  
Brendan MacPhiarais

### **Coistí Beartas Straitéiseach Shóisialta agus Pobail**

#### Baill Chomhairle

Comhairleoir Dermot Looney — Cathaoirleach  
Comhairleoir Jonathan Graham  
Comhairleoir Vicki Casserly  
Comhairleoir Charlie O' Connor  
Comhairleoir Sarah Holland  
Comhairleoir Kenneth Egan

#### Baill Earnála

Gráinne Ní Mhuirí  
Layton Kelly

### **CBS ar Úsáid Talún, Iompair agus Pleanáil**

#### Baill Chomhairle

Comhairleoir William Lavelle — Cathaoirleach  
Comhairleoir Mick Murphy  
Comhairleoir Ruth Nolan  
Comhairleoir Paul Gogarty  
Comhairleoir Liona O'Toole  
Comhairleoir Colm Brophy

#### Baill Earnála

Neil Durkan  
Denis Sherwin  
Siobhán Butler

### **Baill Choiste Cuimhniúchán Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas**

Comhairleoir Ruth Nolan  
Comhairleoir Liona O'Toole  
Comhairleoir Colm Brophy  
Comhairleoir Martina Genockey  
Comhairleoir Eoin O Broin  
Comhairleoir Ed O'Brien

### **Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas – Baill Choiste Iniúcháireachta**

George Kennington  
Dermot Carter  
Ann Horan  
Eilis Quinlan  
Comhairleoir Dermot Richardson  
Comhairleoir John Lahart  
Comhairleoir Brendan Ferron

## Ballraíocht an Chomhchoiste Póilíneachta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

### Comhairleoirí Bhaile Átha Cliath Theas (14) móide an Méara

Cllr. Deirdre O'Donovan Chair  
 Cllr. Paula Donovan  
 Cllr. Colm Brophy  
 Cllr. Cathal King  
 Cllr. Maire Devine  
 Cllr. Ed. O'Brien  
 Cllr. Paul Foley  
 Cllr. Pamela Kearns  
 Cllr. Kieran Mahon  
 Cllr. Nicky Coules  
 Cllr. Liona O'Toole  
 Cllr. Kenneth Egan  
 Cllr. Paul Gogarty  
 Folamh  
 Méara Comhairleoir Cllr. Sarah Holland

### Oireachtas (5)

Sean Crowe T.D.  
 Eamon Maloney T.D.  
 Seanadóir Cait Keane  
 Joanna Tuffy T.D.  
 Folamh

### Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (2)

Daniel Mc Loughlin — Príomhfheidhmeannach  
 Billy Coman — Forbairt Tithíochta Sóisialta agus Pobail

### Garda Síochána (2)

Ard-Cheannfort Orla McPartlin Crumlin (DMR Ó dheas)  
 Ard-Cheannfort Pat Clavin Blanchardstown (DMR Siar)

### Pobal (7) (PPN (4) eile (3) )

Ann Corrigan (PPN)  
 Tara Deasy (PPN)  
 Jim Lawlor (PPN)  
 Michael Noonan (PPN)  
 Eamon Dolan (DandATF)  
 Ray McGrath (DandATF)  
 Gemma Carton (Rannán an Gharda Síochána)

## Ballraíocht Choiste Forbartha Pobal Áitiúil 2015

### Ainm

### Eagraíocht

#### Príobháideach

Anna Lee	Pobal
Mary Corcoran	Pobal
Joe Barry	Pobal
Larry O'Neill	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas
Peter Byrne	Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas
Justin Byrne	PPN
Doreen Carpenter	PPN
Ronan Leydon	PPN
Stephen Dunne	PPN
Maurice Walsh	PPN
Greg Tierney	Seirbhísí don Óige

#### Poiblí

Cllr Eoin O Broin	Comhairleoir
Cllr Ciaran Mahon	Comhairleoir
Cllr Paula Donovan	Comhairleoir
Padraig Rehill	HSE
Paddy Lavelle/	
Deirdre McKeon	DDLETB
Fiona Ward	An Roinn Cosanta Sóisialta
Loman O'Byrne/	
Emer O'Gorman/	
Colin Ward	LEO
Billy Coman	SDCC

## Aguisín 3: Comhdháileacha Oiliúna á bhfreastail ag Comhairleoirí 2015

Comhdháil	Ionad	Dáta
<b>Ag Dul i dTeahmháil leis an Oireachtas</b>	Teach cuntasóirí cairte	10 Feabhra 2015
<b>Oiliúint GCMN/AILG</b>	Caisleán an Bharraigh, Co. Mhuigheo	26 Feabhra 2015
<b>Dara Comhdháil Bhliantúil GCMA/AILG</b>	Óstán Nuremore, Carraig Mhacaire Rois, Co. Muineacháin	12 - 13 Márta 2015
<b>Comhdháil Earraigh CBÚÁ/LAMA</b>	Óstán Ard Rí Bóthar, Bhaile an Mhuilinn, Tuaim, Co. Na Gaillimhe	10 - 11 Aibreán 2015
<b>Oiliúint GCMA/AILG</b>	Óstán Máinéir Chill Droichid, Cill Droichid, Co. Chill Dara	14 Aibreán 2015
<b>Oiliúint GCMA/AILG</b>	Cill Chainnigh	7 Bealtaine 2015
<b>Scoil Samhraidh MacGill</b>	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	19 - 24 Iúil 2015
<b>Comhdháil Tithíocht Shóisialta Dhébhliantúil</b>	Óstán Cúirte Thulach Mhór, Tulach Mhór, Co. Uí Fhailí	16 - 17 Meán Fómhair 2015
<b>Comhdháil Fómhair GCMA/AILG</b>	Inse Duine	1 - 2 Deireadh Fómhair 2015
<b>Oiliúint Fómhair CBÚÁ/LAMA</b>	Óstán Chill Chainnigh, Bóthar an Choláiste, Cill Chainnigh	9 - 10 Deireadh Fómhair 2015
<b>Oiliúint GCMA/AILG</b>	Óstán na Bó Deirge, Baile Átha Cliath 22	18 Samhain 2015

Méid Iomlán Caite ar Chomhdháilacha Oiliúna i 2015: €6,103.24



# Aguisín 4: Tuarascáil Éifeachtúlacht Fuinnimh 2015

## 2015 Idiú Fuinnimh Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

- **18,333,754 kWh** leictreachais (1,462 487kWh de seo ar théamh spáis, 8%)
- **7,845,768 kWh** gás nádúrtha
- **3,828,177 kWh** díosal
- **251,518 kWh** peitreal
- **129,908 kWh** bithbhreosla iompair
- **5,899 kWh** Bitheatánól

Léiríonn sin idiú fuinnimh ag 206kWh/daonra seirbheáilte. Feabhas é seo 66kWhr/daonra seirbheáilte ar 24.46% ó 2009. Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas chun tosaigh sprice feabhas éilithe 33% a shroicheadh roimh 2020.

## Aiciomre ar Thionscadail agus Gnómhaíochtaí Bainteach le Fuinneamh

- **Staidéar féidearthachta ar an bpoitéinsiúil do chumhacht hidrileictreach ar mhionscála ar haibhneacha i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.** Tá comhairleoir ceaptha agus tá Céim 1 staidéar scoipe críochnaithe.
- **Mionstaidéar ar théamh ceantair.** Doiciméadú curtha isteach do Pháipéar Glas ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn.
- **Tionscadal píolótach Freqcon tionscóir fuinnimh DS3 an chéad ghlúin eile insuite le 50kw de chealla fótvoltacha** ar dhíon Halla an Chontae chun oibriú leis an Tiontóir.
- SPECIALTA** – D'ullmhaigh CCBT/SDCC i gComhpháirtíocht le IPÉ/IPI ag obair le ÚFIÉ/SEAI, CPBT/TCPA agus RCPRÁ/DoECLG ábhar oiliúna ar dhea-chleachtas ar mhapáil éileamh fuinnimh a ionchorprú isteach i gcórais spásphleanála ar fud na tíre. Sraith 7 gceardlann críochnaithe.
- Straitéis Fuinneamh In-athnuaite Bhaile Átha Cliath Theas (RES)** – Mapáil fuinnimh den chontae go léir críochnaithe. Tuarascáil Anailíse ar Éileamh Fuinnimh Spásúil Bhaile Átha Cliath Theas foilsithe mar chuid de phróiseas an Phlean Forbartha.

## Aguisín 4: Tuarascáil Éifeachtúlacht Fuinnimh 2015

### Foirgnimh na Cathrach

- **Clár OOP/OPW ‘Cumhacht san Ionad Oibre a Optamú’.** Halla an Chontae chun leas a bhaint as trealaimh mhéadraithe agus monatóireachta chun sábháilteachtaí fuinnimh a thiomáint agus feasacht a fheabhsú. Tá suiteáil Mhéadar críochnaithe. Beidh clár feasachta fuinnimh d’fhoirne le rolladh amach i 2016.
- **Tá Teastais Fuinnimh Taispeána** ar taispeáint i bhfoirgnimh mhóra CCBT go léir..
- **Staidiam Tamhlachta:** Tá oibreacha sábhála uisce críochnaithe ag conraitheoir a bhfuil roinnt mhaith sábhála mar thoradh air cheana. Tá soilsiú athchuir críochnaithe a mbainfidh amach tuilleadh éifeachtúlachtaí

### Pobal/Cónaitheach

- **Clár Nuashonraithe Fuinnimh RCPRÁ (DECLG):** 625 tithe do thionóntaí nuashonraithe i 2015.
- **Críochnaíodh oibreacha nuashonraithe do thithe cónaithe sna heastáit seo a leanas;** Bán an Bhábhúin, Coill an Chláir, An Gleann Mór, Plásóga an Rátha, Baile an Ridire, Cluain Mhór, Páirc Mhuire, An Teampall Geal agus cuid de Chill Mochuidbhricht.
- **Scéim Pobal Fuinneamh Níos Fearr ÚFIÉ/SEAI do 2015:** nuashonrú rathúil 75 tithe cónaithe breise CCBT in Eastát An Teampaill Ghil, Páirc Shruthán Liam agus Páirc Phámar, Leabharlann An Teampaill Ghil, Baile Pheire agus Ionaid Phobail Ráth Miontáin agus An Cosán. Áiríodh i nuashonrú fuinnimh nuashonruithe inslithe, téimh agus aeraithe agus athsholáthar fuinneoga do roinnt tithe. Nascann sé seo leis an mbraisle chliste i mBán an Bhábhúin agus áiríodh méadair chliste i roinnt tithe i mBán an Bhábhúin agus An Teampall Geal agus Leabharlann An Teampaill Ghil. Nascann na méadair chliste leis an mol chliste a suiteáilleadh mar chuid den Tionscadal CCG/BEC 2014.
- **Moladh Tionscadail Ionaid Phobail Ghlais.** Iniúchchtaí fuinnimh ag dul chun cinn. Críochnaíodh oibreacha Ionad Pobail Belgard mar chuid de ÚFIÉ/SEAI CCG/BEC 2014. Críochnaíodh Ionaid Phobail Ráth Miontáin agus Baile Peire mar chuid de CCG/BEC 2015.

### Institiúideach/Tráchtálach

- **Tá naisc déanta le ITB/DIT saotharlann shamhaltaithe larchéime.**
- **Tionscadal Leaba Tastála le MEGA:** Ag obair le tionsclaíocht ar bhealaí nuálacha chun pobail shamhlaithe chliste inbhuanaithe a sheachadadh.

## Soilsiú Poiblí

- **Tionscadal Soilsiú Poiblí** le DoE agus Fingál agus DLR faoi Chumann Bainistíocht Fuinnimh Chathair Bhaile Átha Cliath (CODEMA) méadrú samhalta.
- **Rolladh amach soilsiú poiblí dé-óide astaithe solais (LED)** ag tabhairt tús áite do na 9 sráidbhaile sa Tionscnamh Sraidbhaile. Nuashonraíodh Leamhcán, Cluain Dolcáin, Caisleán Nua, Ráth Fearnáin agus Baile Phámar i 2015.
- **Ó Mhí Iúil 2015 nuashonraíodh 400** feistis soilsiú poiblí d'éagsúlacht idiú cumhachta go dé-óide astaithe solais (LED).
- Suiteáil leadh feistis **nua go léir le 'ceala fóta glas cóirithe' 35/18 Lux.**

## Tionscadail Iompair

- **Críochnaíodh rotharbhealach** i mBaile Phámar i 2015.
- **Tá rotharbhealach N81** ó Thamhlacht go Teach Mealóg ag dul ar aghaidh.
- **Dodder Cycle Route / Greenway Part 8** preliminary design for phase 1, including bridges CFRAM flood analysis complete.

## Aguisín 5: **Nochtuithe Cosanta**

- Éilítear trí Mír 22 den Acht um Nochtuithe cosanta 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ábartha do Nochtuithe Cosanta faighte.
- De bhun fhorálacha an riachtanais seo, deimhníonn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas leis seo nach bhfuathas aon tuarascálacha i 2015.



